

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh

L 18



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

27 Eanáir 2022

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (AE) 2022/103 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh trosc in uisce na hIorua in 1 agus 2 i gcás soithí faoi bhratach Bhallstáit den Aontas Eorpach..... 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/104 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ⁽¹⁾ 4

CINNTÍ

- ★ Cinneadh (CBES) 2022/105 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 19 Eanáir 2022 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhísean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhísean CBES an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1435 (EUTM RCA/1/2022) 9
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/106 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 444) ⁽¹⁾ 11

MOLTAÍ

- ★ Moladh (AE) 2022/107 ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/1475 ⁽¹⁾ 110

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na gníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ Moladh (AE) 2022/108 ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 lena leasaítear Moladh (AE) 2020/1632 maidir le cur chuige comhordaithe chun taisteal sábháilte i limistéar Schengen a éascú le linn phaindéim COVID-19 ⁽¹⁾	124
---	-----

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/103 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Eanáir 2022

lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh trosc in uiscí na hIorua in 1 agus 2 i gcás soithí faoi bhratach Bhallstáit den Aontas Eorpach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle ⁽²⁾ cuótaí le haghaidh 2021.
- (2) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, tá an cuóta a cionroinneadh le haghaidh 2021 ídithe ag gabhála an stoic troisc in uiscí na hIorua in 1 agus 2 a rinne soithí faoi bhratach Ballstáit den Aontas Eorpach nó soithí atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach.
- (3) Is gá, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar ghníomhaíochtaí áirithe iascaireachta a bhaineann leis an stoc sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ídiú cuótaí

Maidir leis an gcuóta iascaireachta a chionroinntear ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh i gcomhair an stoic troisc in uiscí na hIorua in 1 agus 2 le haghaidh 2021 dá dtagraítear san Iarscríbhinn, measfar é a bheith ídithe ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Toirmisc

Cuirfear toirmeasc, ón dáta a leagtar amach san Iarscríbhinn, ar iascaireacht an stoic sin dá dtagraítear in Airteagal 1 ag a bhfuil bratach Bhallstáit den Aontas Eorpach ar foluain acu nó atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach. Go sonrach, beidh toirmeasc ar éisc ón stoc sin a ghabh na soithí sin a choinneáil ar bord, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír tar éis an dáta sin.

⁽¹⁾ IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31, 29.1.2021, lch. 31).

*Airteagal 3***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Eanáir 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Virginijus SINKEVIČIUS
Comhalta den Choimisiún*

IARSCRÍBHINN

Uimh.	25/TQ92
Ballstát	An tAontas Eorpach (Na Ballstáit uile)
Stoc	COD/1N2AB.
Speiceas	Trosc (<i>Gadus morhua</i>)
Limistéar	Uiscí na hIorua in 1 agus 2
Dáta deiridh	18 Nollaig 2021

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/104 ÓN gCOIMISIÚN
an 26 Eanáir 2022

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir leis na hiontrálacha a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe")⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I Rialachán (AE) 2016/429, ceanglaítear gur gá coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhióch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún⁽²⁾, leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhióch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tír nó ó chríoch nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe do bharshaothraithe.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún⁽³⁾, bunaítear na liostaí de thríú tír, nó de chríocha nó criosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear speicis agus catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhióch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas.
- (4) Thar aon ní eile, le hIarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach anois na liostaí de thríú tír, nó de chríocha, nó de criosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas.
- (5) Chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas maidir le ráig den fhliú éanúil ar dphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann gar do Louth, Lindsey Thoir, Lincolnshire, Sasana, agus deimhníodh í an 10 Eanáir 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (6) Sa bhreis air sin, chuir an Ríocht Aontaithe an Coimisiún ar an eolas maidir le ráigeanna den fhliú éanúil ar dphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna sin ann in dhá bhunaíocht gar do Tattenhall, Cheshire Thiar & Chester, Cheshire, Sasana, agus deimhníodh iad an 13 Eanáir 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (7) Bhunaigh údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe crios rialaithe 10 km timpeall ar na bunaíochtaí atá buailte agus chuir siad beartas díbeartha chun feidhme chun láithreach an fhliú éanúil ar dphataiginigh a rialú agus leathadh an ghalair sin a theorannú.

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhióch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tír, de chríocha nó de criosanna de thríú tír nó de chríoch óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhióch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

- (8) Tá faisnéis curtha isteach ag an Ríocht Aontaithe chuig an gCoimisiún maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a críoch agus maidir leis na bearta atá déanta aici chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh sin a chosc. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. Ar bhonn na meastóireachta sin, níor cheart, mar gheall ar na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach, údarú a thabhairt a thuilleadh do choinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a theacht isteach san Aontas ó na ceantair atá faoi shrianta a leagann údarais tréidliachta na Ríochta Aontaithe síos.
- (9) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.
- (10) Tríd an staid eipidéimeolaíoch reatha sa Ríocht Aontaithe a chur san áireamh maidir leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus an riosca tromchúiseach atá ann go dtabharfaí isteach san Aontas é, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.
- (11) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.88 go GB-2.90 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.87:

“GB An Ríocht Aontaithe	GB-2.88	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		10.1.2022	
		Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		10.1.2022	
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		10.1.2022	
		Raitígh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		10.1.2022	
		Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		10.1.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		10.1.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	POU-LT20	N, P1		10.1.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitígh	HEP	N, P1		10.1.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		10.1.2022	
	Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitígh	HE-LT20	N, P1		10.1.2022		
	GB-2.89	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitígh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitígh	BPP	N, P1		13.1.2022	
		Raitígh phórúcháin agus raitígh tháirgiúla	BPR	N, P1		13.1.2022	
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitígh	SP	N, P1		13.1.2022	
		Raitígh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		13.1.2022	
		Sicíní lae seachas raitígh	DOC	N, P1		13.1.2022	

		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		13.1.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		13.1.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		13.1.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		13.1.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		13.1.2022	
	GB-2.90	Éanlaith chlóis phórúcháin seachas raitítigh agus éanlaith chlóis tháirgiúil seachas raitítigh	BPP	N, P1		13.1.2022	
		Raitítigh phórúcháin agus raitítigh tháirgiúla	BPR	N, P1		13.1.2022	
		Éanlaith chlóis a bhfuil sé beartaithe iad a mharú seachas raitítigh	SP	N, P1		13.1.2022	
		Raitítigh a bhfuil sé beartaithe iad a mharú	SR	N, P1		13.1.2022	
		Sicíní lae seachas raitítigh	DOC	N, P1		13.1.2022	
		Sicíní lae raitíteach	DOR	N, P1		13.1.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	POU-LT20	N, P1		13.1.2022	
		Uibheacha goir ó éanlaith chlóis seachas raitítigh	HEP	N, P1		13.1.2022	
		Uibheacha goir raitíteach	HER	N, P1		13.1.2022	
		Níos lú ná 20 cloigeann d'éanlaith chlóis seachas raitítigh	HE-LT20	N, P1		13.1.2022";	

(b) i gCuid 2, san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar na criosanna GB-2.88 go GB-2.90 tar éis na tuairisce ar an gcrios GB-2.87:

“GB An Ríocht Aontaithe	GB-2.88	Gar do Louth, Lindsey Thoir, Lincolnshire, Sasana. An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N53,42 agus E0,01
	GB-2.89	Gar do Tattenhall, Cheshire Thiar & Chester, Cheshire, Sasana. An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí WGS84 seo a leanas: N53,09 agus W2,80
	GB-2.90	Gar do Tattenhall, Cheshire Thiar & Chester, Cheshire, Sasana. An limistéar atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 km, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí deachúlacha WGS84 seo a leanas: N53,15 agus W2,67”;

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.88 go GB-2.90 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.87:

“GB An Ríocht Aontaithe	GB-2.88	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		10.1.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		10.1.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		10.1.2022	
	GB-2.89	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		13.1.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		13.1.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		13.1.2022	
	GB-2.90	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		13.1.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		13.1.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	N, P1		13.1.2022”.	

CINNÍ

CINNEADH (CBES) 2022/105 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 19 Eanáir 2022

maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1435 (EUTM RCA/1/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Trí bhíthin Chinneadh (CBES) 2016/610, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, na cinní ábhartha a bhaineann le rialú polaitiúil agus treoshuíomh straitéiseach EUTM RCA a dhéanamh, lena n-áirítear na cinní maidir le Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ina dhiaidh sin.
- (2) An 26 Lúnasa 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/1435 ⁽²⁾ lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Jacques LANGLADE DE MONTGROS mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA.
- (3) An 27 Deireadh Fómhair 2021, mhol údaráis Mhíleata na Beilge an Briogáidire-Ghinearál Jacky CABO a cheapadh i gcomharbacht ar an mBriogáidire-Ghinearál Jacques LANGLADE DE MONTGROS mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA amhail ón 4 Feabhra 2022.
- (4) An 23 Samhain 2021, d'aontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh go bhformheasfadh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an togra sin.
- (5) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBriogáidire-Ghinearál Jacky CABO a cheapadh. Thairis sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2021/1435 a aisghairm.
- (6) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i ndríchú agus cur chun feidhme cinní agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí cosanta acu,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Briogáidire-Ghinearál Jacky CABO mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) amhail ón 4 Feabhra 2022.

⁽¹⁾ IO L 104, 20.4.2016, lch. 21.

⁽²⁾ Cinneadh (CBES) 2021/1435 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 26 Lúnasa 2021 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2020/1250 (EUTM RCA/1/2021) (IO L 312, 3.9.2021, lch. 1).

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1435 leis seo amhail ón 4 Feabhra 2022.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/106 ÓN gCOIMISIÚN
an 21 Eanáir 2022

lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 444)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 259(1), pointe (c), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is galar víreasach tógalach é an fliú éanúil ardphataigineach (HPAI) in éin agus d'fhéadfadh sé tionchar tromchúiseach a bheith aige ar bhrabúsacht na feirmeoireachta éanlaithe clóis, rud a chuirfeadh isteach ar thrádáil laistigh den Aontas agus ar onnmhairí chuig tríú tíortha. Is féidir le víris HPAI éin imirceacha a ionfhabhtú, rud a fhágann gur féidir leo na víris seo a leathadh thar achair fhada le linn a n-imircí san fhómhar agus san earrach. Dá bhrí sin, is bagairt leanúnach é víris HPAI a bheith in éin fhiáine maidir le tabhairt isteach na víreas sin go díreach agus go hindíreach i ngabháltais ina gcoinnítear éanlaith chlóis nó éin faoi chuing. I gcás ráig de HPAI, tá baol ann go bhféadfaidh an t-oibreán galair leathadh go gabháltais eile ina gcoimeádtar éanlaith chlóis nó éin faoi chuing.
- (2) Le Rialachán (AE) 2016/429, bunaítear creat reachtach nua chun galair a chosc agus a rialú, ar galair iad atá in-tarchurtha chuig ainmhithe nó chuig daoine. Tagann HPAI faoin sainmhíniú ar ghalair liostaithe sa Rialachán sin, agus tá sé faoi réir na rialacha coisctheacha agus rialaithe galar a leagtar síos ann. Ina theannta sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ⁽²⁾, déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú, lena n-áirítear bearta rialaithe galar le haghaidh HPAI.
- (3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 ón gCoimisiún ⁽³⁾ faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta rialaithe galar i ndáil le ráigeanna HPAI.
- (4) Go háirithe, foráiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 go gcuimseoidh na criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag na Ballstáit tar éis ráigeanna HPAI, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ar a laghad na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.
- (5) Leasaíodh an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 le déanaí le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/53 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ i ndiaidh ráigeanna HPAI in éanlaith chlóis nó in éin faoi chuing sa Bheilg, sa Bhulgáir, sa tSeicia, sa Danmhairg, sa Ghearmáin, in Éirinn, sa Fhrainc, san Iodáil, san Ungáir, san Ísiltír, sa Pholainn, sa Phortaingéil, sa tSlóvaic, sa tSlóivéin, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann, rud ba ghá a léiriú san Iarscríbhinn sin.

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2021 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 134, 20.4.2021, lch. 166).

⁽⁴⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/53 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 maidir le bearta éigeandála i ndáil le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach i mBallstáit áirithe (IO L 9, 14.1.2022, lch. 44).

- (6) Ón dáta a glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/53, tá an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn agus an Phortaingéil tar éis fógra a thabhairt don Choimisiún faoi ráigeanna breise de HPAI d'fhochineál H5N1 i mbunaíochtaí inar coimeádadh éanlaith chlóis nó éin faoi chuing, atá lonnaithe laistigh nó lasmuigh de na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.
- (7) Ina theannta sin, thug an Chróit fógra don Choimisiún faoi ráig de HPAI d'fhochineál H5N1 i mbunaíocht inar coimeádadh éanlaith chlóis nó éin faoi chuing i gCúige Osijek - Baranja sa Bhallstát sin.
- (8) Thairis sin, thug an Spáinn fógra don Choimisiún faoi ráig de HPAI d'fhochineál H5N1 i mbunaíocht inar coimeádadh éanlaith chlóis nó éin faoi chuing i réigiún Castile agus León sa Bhallstát sin.
- (9) Ina theannta sin, an ráig atá deimhnithe sa Bheilg, tá sí dlúth leis an teorainn leis an Ísiltír. Dá réir sin, tá comhoibriú cuí déanta ag údaráis inniúla an dá Bhallstát sin maidir le bunú na gcriosanna cosanta agus faireachais is gá, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ós rud é go síneann na criosanna cosanta agus faireachais go dtí críoch na hÍsiltíre.
- (10) Thairis sin, an ráig atá deimhnithe sa Ghearmáin, tá sí dlúth leis an teorainn leis an bPolainn agus tá comhoibriú cuí déanta ag údaráis inniúla an dá Bhallstát sin maidir le bunú an chreasa faireachais is gá, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ós rud é go síneann an crios faireachais go dtí críoch na Polainne.
- (11) Chomh maith leis sin, an ráig sa Chróit, tá sí dlúth leis an teorainn leis an Ungáir agus tá comhoibriú cuí déanta ag údaráis inniúla na mBallstát sin maidir le bunú an chreasa faireachais is gá, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ós rud é go síneann an crios faireachais go dtí críoch na hUngáire.
- (12) Thairis sin, ceann amháin de na ráigeanna san Ungáir, tá sé dlúth leis an teorainn leis an Rómáin agus tá comhoibriú cuí déanta ag údaráis inniúla an dá Bhallstát sin maidir le bunú an chreasa faireachais is gá, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, ós rud é go síneann an crios faireachais go dtí críoch na Rómáine.
- (13) Rinne údaráis inniúla na Beilge, na Bulgáire, na Seicia, na Danmhairge, na Gearmáine, na Spáinne, na Fraince, na Cróite, na hIodáile, na hUngáire, na hÍsiltíre, na Polainne, na Portaingéile agus na Rómáine na bearta rialaithe galar is gá i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear bunú criosanna cosanta agus faireachais timpeall ar na ráigeanna sin.
- (14) San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641, níl aon limistéir liostaithe faoi láthair mar chriosanna cosanta agus faireachais don Spáinn agus don Chróit.
- (15) Tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar na bearta rialaithe galar a ghlac an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil agus an Rómáin i gcomhar leis na Ballstáit sin agus tá sé sásta go bhfuil teorainneacha na gcriosanna cosanta agus faireachais sa Bheilg, sa Bhulgáir, sa tSeicia, sa Danmhairg, sa Ghearmáin, sa Spáinn, sa Fhrainc, sa Chróit, san Iodáil, san Ungáir, san Ísiltír, sa Pholainn agus sa Phortaingéil arna mbunú ag údaráis inniúla na mBallstát sin, agus an crios faireachais arna bhunú ag an Rómáin, go bhfuil siad fada go leor ó na bunaíochtaí inar deimhníodh na ráigeanna HPAI le déanaí.
- (16) Chun aon suaitheadh nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas a chosc agus chun nach bhforchuirfidh tríú tíortha bacainní gan údar ar thrádáil, is gá tuairisc a thabhairt go mear ar leibhéal an Aontais, i gcomhar leis an mBeilg, leis an mBulgáir, leis an tSeicia, leis an Danmhairg, leis an nGearmáin, leis an Spáinn, leis an bhFrainc, leis an gCróit, leis an Iodáil, leis an Ungáir, leis an Ísiltír, leis an bPolainn, leis an bPortaingéil agus leis an Rómáin, ar na criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú ag na Ballstáit sin i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.
- (17) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear le haghaidh na Beilge, na Bulgáire, na Seicia, na Danmhairge, na Gearmáine, na Fraince, na hIodáile, na hUngáire, na hÍsiltíre, na Polainne, na Portaingéile agus na Rómáine san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641, ba cheart iad a leasú.

- (18) Chomh maith leis sin, ba cheart criosanna cosanta agus faireachais a liostú le haghaidh na Spáinne agus na Cróite san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641.
- (19) Dá réir sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 a leasú chun réigiúnú a thabhairt cothrom le dáta ar leibhéal an Aontais chun aird a thabhairt ar na criosanna cosanta agus faireachais arna mbunú go cúí ag an mBeilg, ag an mBulgáir, ag an tSeicia, ag an Danmhairg, ag an nGearmáin, ag an Spáinn, ag an bhFrainc, ag an gCróit, ag an Iodáil, ag an Ungáir, ag an Ísiltír, ag an bPolainn agus ag an bPortaingéil, agus an crios faireachais arna bhunú go cúí ag an Rómáin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus ré na mbearta is infheidhme ann.
- (20) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 a leasú dá réir sin.
- (21) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas maidir le leathadh HPAI, tá sé tábhachtach go dtiocfaidh na leasuithe atá le déanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641 leis an gCinneadh seo i bhfeidhm a luaithe is féidir.
- (22) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/641.

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN

Cuid A

Criosanna cosanta sna Ballstáit* lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2:

Ballstát: an Bheilg

Limistéar arb é atá ann:	An dáta go dtí infheidhmeacht i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
Those parts of the municipality of Bocholt contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centered on WGS84 dec. coordinates long 5,58139, lat 51,19645.	27.1.2022

Ballstát: an Bhulgáir

Limistéar arb é atá ann:	An dáta go dtí infheidhmeacht i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
<i>Haskovo Region</i>	
Haskovo municipality: Krivo pole, Koren, Momino	28.1.2022
Stambolovo municipality: Stambolovo, Tsareva polyana, Zhalti bryag Haskovo municipality: Knizhovnik	5.2.2022

Ballstát: An tSeicia

Limistéar arb é atá ann:	An dáta go dtí infheidhmeacht i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
<i>South Bohemian Region:</i>	
Hajany u Blatné (636533); Chlum u Blatné (651494); Tchořovice (766976); Kocelovice (667579); Lnáře (686247) – severní a východní část katastrálního území, přičemž hranici na západě a jihu tvoří pozemní komunikace vedoucí od jižní hranice katastrálního území k severozápadní hranici katastrálního území následovně: pozemní komunikace silnice II. třídy II/174 a následně směrem na západ navazující pozemní komunikace silnice I. třídy I/20 (evropská mezinárodní silnice 1. třídy E49).	26.1.2022
Černíkov u Strakonice (632562); Domanice (738204); Droužetice (632571); Hubenov u Třebostic (770167); Chrástovice (654108); Kaletice (738239); Klínovice (654116); Leskovice u Radomyšle (738212); Podolí u Strakonice (632589); Třebostice (770175); Únice (770183); Radomyšl (738221) – západní část katastrálního území, přičemž hranici na východě tvoří od severu pozemní komunikace silnice II. třídy II/139 a následně navazující pozemní komunikace silnice II. třídy II/173 směrem k jižní hranici katastrálního území.	3.2.2022

Ústí nad Labem Region:	
Blažim (605549); Trískolupy (771139); Vidovle (604933); Výškov u Počerad (788554).	24.1.2022
South Moravian Region	
Dubňany (633585); Hovorany (646377); Mistřín (760081); Šardice (762059).	18.1.2022
Bojanovice u Znojma (606880); Černín (620246); Jevišovice (659355).	25.1.2022

Ballstát: an Danmhairg

Limistéar arb é atá ann:	An dáta go dtí infheidhmeacht i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
The parts of Vordingborg municipality that are contained within a circle of radius 3 km, centered on GPS coordinates N 55,0758; E 11,8134	23.1.2022
The parts of Lolland municipality that are contained within a circle of radius 3 km, centered on GPS coordinates N 54,8739; E 11,3970	28.1.2022
The parts of Kalundborg municipality and Sorø municipality that are contained within a circle of radius 3 km, centered on GPS coordinates N 55,5278; E 11,3745	1.2.2022
The parts of Viborg municipality that are contained within a circle of radius 3 km, centered on GPS coordinates N 56,4947; E 9,0677	1.2.2022
The parts of Sorø municipality that are contained within a circle of radius 3 km, centered on GPS coordinates N 55,4496; E 11,6102	7.2.2022

Ballstát: an Ghearmáin

Limistéar arb é atá ann:	An dáta go dtí infheidhmeacht i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
BAYERN	
Landkreis Rhön-Grabfeld	
In Höhe „Höhlwald“, nördlich des „Leubach“, am Schnittpunkt Staatsstraße 2265 mit der Landkreisgrenze, entlang der Landkreisgrenze in Richtung Nordosten bis zur spitzwinkligen Landkreisgrenze nahe NES 31. In südöstlicher, später südlicher Richtung entlang der östlichen und südlichen Gemeindegrenzen Fladungens übergehend in die östliche Gemeindegrenze Sondheims v. d. Rhön. Südöstlich der „Stettbacheiche“ dem „Stettbach“ folgend bis zu den „Sauerwiesen“; Richtung Westen der befestigten Straße folgend, die NES 27 kreuzend, bis zur westlichen Gemeindegrenze Sondheims in Höhe des „Rother Bergs“; Der südlichen Hausener Gemeindegrenze folgend bis zur NES 12; Der NES 12 in nördlicher Richtung folgend, an der Kreuzung mit NES 11 letzterer in nord-westlicher Richtung folgend bis zur ersten, befestigten Waldstraße auf der nördlichen	4.2.2022

Straßenseite. Dieser Straße in Richtung Norden folgen, über den „Eisgraben“ hinweg bis zur NES 26. Der NES 26 in nördliche Richtung folgen, am Bloßberg entlang über den Dörrbachgraben zur St 2288. Das im Norden angrenzende Waldgebiet an der westlichen Waldgrenze entlang bis „Oberer See“. Dann weiter Richtung Nordwesten an die nordwestliche Landkreisgrenze.

BRANDENBURG

Landkreis Märkisch-Oderland

Ab Straße Drewitz Ausbau in östlicher Richtung bis zur Oder, der Oder südlich folgend bis „Neu Manschnower Graben“, diesem folgend in westlicher Richtung auf dem Weg Richtung Graben am Bahnweg, diesem nord-westlich folgend bis „Kietzer Weg“, diesem süd-westlich folgend bis Straße „Am Strom“, dieser westlich folgend bis Manschnow „Friedensstraße“, dieser nördlich folgend bis „Kirchstraße“, dieser süd-westlich folgend bis „Weidenweg“, diesem süd-westlich folgend bis Abzweig „Jägerstraße“, dann in nördlicher Richtung dem „Manschnower Loosgraben“ folgend bis „Neuer Heyengraben“, diesem westlich folgend bis „Golzower Straße“/L 331, dieser nördlich folgend bis Golzow – Heimstädtensiedlung - „Bahnhofstraße“, dieser folgend bis Anschluss L 33, dieser östlich folgend bis „Bahnhofstraße“, dieser folgend bis Straße „Am Strom“, dieser westlich folgend bis L 333, dieser nördlich folgend bis „Studentengraben“ der Gemarkung Genschmar, diesem östlich folgend bis zum „Ziegengraben“, diesem süd-östlich folgend bis Straße Drewitz Ausbau

31.1.2022

MECKLENBURG-VORPOMMERN

Landkreis Rostock

- Gemeinde Jürgenshagen mit den Ortsteilen:
Gnemern, Klein Sien, Moltenow
- Gemeinde Bernitt mit den Ortsteilen: Moissall und Neu Bernitt

18.1.2022

Landkreis Vorpommern-Greifswald

- in der Gemeinde Dersekow die Orte Dersekow und Ortsteile
Dersekow Hof, Neu Pansow
- in der Gemeinde Görmin die Orte Groß Zastrow,
Böken und Görmin
- in der Gemeinde Dargelin der Ort Sestelin

19.1.2022

Landkreis Nordwestmecklenburg

- Gemeinde Schönberg der Ortsteil Petersberg,
- Gemeinde Siemz-Niendorf die Ortsteile Klein Siemz, Groß Siemz, Niendorf, Bechelsdorf, Törpt, Ollndorf, Lindow,
- Gemeinde Rieps der Ort Raddingsdorf,
- Gemeinde Lüdersdorf der Ort Boitin-Resdorf

20.1.2022

Landkreis Vorpommern-Greifswald

- in der Gemeinde Kemnitz der Ort Kemnitz mit den Ortsteilen, Kemnitzerhagen, Kemnitz- Meierei, Neuendorf und Rappenhagen
 - in der Gemeinde Greifswald der Ortsteil Friedrichshagen Hof I bis III
- in der Gemeinde Brünzow die Ortsteile Stilow und Stilow- Siedlung

21.1.2022

NIEDERSACHSEN

Landkreis Cloppenburg

Von der Kreisgrenze zum Landkreis Emsland der Gemeindegrenze Lindern/ Löningen folgend bis zum Rundesfeldgraben. Dem Wasserverlauf südlich folgend bis Südradde, dem Wasserverlauf südwestlich folgend und dem ersten Verbindungsgraben südlich zum Wirtschaftsweg und diesem weiter südlich bis Am Raddetal folgend. Dieser südwestlich folgend bis Steingrund, dieser südwestlich folgend bis Eikastraße, entlang dieser in südliche Richtung bis Regenkamper Straße, dieser westlich folgend bis Elberger Straße, dieser südlich folgend bis Windhorster Weg, entlang diesem in südwestliche Richtung bis Vinner Weg, diesem südöstlich folgend bis zur Auffahrt zur

23.1.2022

<p>Bundesstraße 213, entlang dieser bis Bundesstraße 213, dieser südwestlich folgend bis zur Herkumer Straße, entlang dieser in nördliche Richtung bis zur Kreisgrenze zum Landkreis Emsland und entlang dieser in nördliche Richtung bis zum Ausgangspunkt.</p>	
<p>Landkreis Diepholz</p> <p>Die östliche Begrenzung der Schutzzone auf dem Gebiet des Landkreises Diepholz führt vom Schnittpunkt der Landkreisgrenze zum Landkreis Vechta mit der Straße „Schilfweg“ in Barnstorf an diesem entlang in südwestlicher Richtung bis zum Schnittpunkt mit dem Fließgewässer „Schlöte“ und weiter entlang der „Schlöte in südlicher, später südöstlicher Richtung bis zum Schnittpunkt mit der „Vogelsanger Straße“. Die südliche Begrenzung der Schutzzone verläuft von dort aus entlang der „Vogelsanger Straße“, Klinkerstraße“ und „Dreeker Moorstraße“ in südwestlicher Richtung bis zum „Moorkanal“ („Schwarze Riede“) und weiter in westlicher Richtung entlang des „Moorkanals“ und später entlang des Fließgewässers „Dadau“ bis zum Schnittpunkt mit der Landkreisgrenze zum Landkreis Vechta. Die nördliche und westliche Begrenzung der Schutzzone bildet die Landkreisgrenze zum Landkreis Vechta ab, ausgehend vom Schnittpunkt mit dem Fließgewässer „Dadau“ im Süden bis zum Schnittpunkt mit der Straße Schilfweg im Norden.</p>	21.1.2022
<p>Landkreis Emsland</p> <p>Kreisgrenze Südradde – Helminghauser Straße – Mittelort – Teepohl – Alte Drofstraße – Buskenkuhle – Am Neuland – Zur Waldbühne – Vinner Straße – Cors Kamp – Lahner Straße – Mittelradde - Kreisgrenze</p>	23.1.2022
<p>Landkreis Vechta</p> <p>Von der Kreisgrenze in nördlicher Richtung einem Feldweg folgen bis zu einem weiteren Feldweg. Diesen Feldweg in westlicher Richtung folgen bis zur Straße Hellmanns Damm. Den Hellmanns Damm in nord-westlicher Richtung folgen bis zum Vechtaer Moorbach. Den Vechtaer Moorbach in nördlicher Richtung folgen bis zur Vechtaer Straße (L881). Die Vechtaer Straße in nord-östlicher Richtung folgen bis zum Kronsbeerenweg. Den Kronsbeerenweg in östlicher Richtung folgen bis zum Fenchelweg. Den Fenchelweg in südlicher Richtung folgen bis zum nächsten Feldweg. Diesen Feldweg in östlicher Richtung folgen bis zur Straße Löwenzahnkämpe. Die Löwenzahnkämpe in östlicher Richtung folgen bis zum Kronsbeerenweg. Den Kronsbeerenweg in süd-östlicher Richtung folgen bis zum Moosweg. Den Moosweg in östlicher Richtung folgen bis zum Rotkleeweg. Den Rotkleeweg in südlicher Richtung folgen bis zum Nesselkamp. Den Nesselkamp in süd-westlicher Richtung folgen bis zum Schilfweg. Den Schilfweg in südlicher Richtung folgen bis zur Kreisgrenze. Die Kreisgrenze in westlicher Richtung folgen bis zum Ausgangspunkt.</p>	21.1.2022
SAARLAND	
<p>Landkreis Merzig- Wadern</p> <p>Gemeinde Perl</p>	21.1.2022
SCHLESWIG-HOLSTEIN	
<p>Kreis Plön</p> <ul style="list-style-type: none"> — In der Gemeinde Preetz: die gesamte Gemeinde — der Gemeinde Pohnsdorf: östlich der K10 und südöstlich der L49 (Preetzer Landstraße) bis zur Neuwührener Au. Nordöstlich der Neuwührener Au bis Höhe des südlichen Ausläufers der Pohnsdofer Stauung. Östlich dem Ufer der Pohnsdorfer Stauung folgen und dann in östliche Richtung bis an den Neuwührener Weg. Nördlich bis zum Feldweg und diesem in nördliche Richtung bis zum Ende folgen. In nordöstliche Richtung bis zum Kronsredder und dann nordöstlich entlang des Waldgebietes Vogel-sang bis zur Gemeindegrenze. 	26.1.2022

- In der Gemeinde Schwentinal: Den Vogelsang entlang bis an die Bundesstraße 76. Der B 76 südlich bis zum Waldgebiet Hellerkate und dann der Grenze es Waldgebietes in östliche Richtung folgen. Vom nord-östlichsten Ende des Waldgebietes bis an die Schwentine. Der Gemeindegrenze in nördliche Richtung bis Höhe der Gemeindegrenze Preetz folgen.
- In der Gemeinde Lehmkuhlen: Von der nördlichen Grenze der Gemeinde Preetz dem Feldweg folgen bis zur Dorfstraße (Rehtwisch). Der Dorfstraße östlich folgen bis es in Am Wiesengrund übergeht. Am Wiesengrund weiter bis zur Gemeindegrenze.
- In der Gemeinde Schellhorn: Dem Falkendorfer Weg bis zur Straße Gut Sophienhof folgen. Dem Gut Sophienhof in südlicher Richtung bis zur Lange Reihe folgen. Über die Plöner Landstraße weiter südlich auf Schaar bis zur Gemeindegrenze.
- In der Gemeinde Wahlstorf: Nordwestlich von Tiefental dem Wanderweg (Richtung Campingplatz) bis zum Wald (Mühlenberg) folgen. Vom südlichen Teil des Mühlenbergwaldes südwestlich bis an den Wielener See.
Dem westlichen Ufer bis zur Gräberei 1 24211 Wahlstorf folgen. Die Hausauffahrt bis zur Lindenallee folgen. Der Lindenallee bis zum Gut Wahlstorf folgen. Der Schwentine (südwestlich des Gut Wahlstorf) bis zum Lanker See und dann weiter am Ufer des Lanker Sees westlich bis zur Gemeindegrenze
- In der Gemeinde Kühren: Vom Lanker See Höhe Kührener Mühle in westliche Richtung bis an den Bahnhofsweg. Dann dem Bach im Wad unterhalb des Ehrendenkmals Kühren bis „Gut“ folgen.
„Gut“ bis zur Dorfstraße folgen und dann nördlich bis zum Kührener Weg. Dem Kührener Weg bis zur Nettelseer Straße folgen. Die Nettelseer Straße in südwestlicher Richtung bis Hausnummer 80 und dann westlich am Bach entlang bis zur Alten Schwentine (Gemeindegrenze) und dann der Gemeindegrenze entlang nach Norden.

THÜRINGEN**Kreis Schmalkalden-Meinigen**

Gemeinde Kaltennordheim: Ortsteil Melpers

3.2.2022

Ballstát: an Spáinn

Limistéar arb é atá ann:	An dáta go dtí infheidhmeacht i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
Those parts in the province of Segovia of the comarca of Cantalejo contained within a circle of a radius of 3 kilometres, centered on UTM 30, ETRS89 coordinates long -3,949732022, lat 41,308075870.	14.2.2022

Ballstát: an Fhrainc

Limistéar arb é atá ann:	An dáta go dtí infheidhmeacht i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687
<i>Département: Gers (32)</i>	
BOURROUILLAN CAUPENNE-D'ARMAGNAC	24.1.2022

EAUZE MANCIET REANS SAINTE-CHRISTIE-D'ARMAGNAC SALLES-D'ARMAGNAC	
SEGOS	25.1.2022
BALZIERT MARSOLAN MAS-D'AUVIGNON TERRAUBE	1.2.2022
<i>Département: Landes (40)</i>	
HASTINGUES OEYREGAVE	22.1.2022
Aire-sur-l'Adour Amou Arboucave Argelos Aubagnan Bahus-Soubiran Baigts Bassercles Bastennes Bats Bergouey Beyries Bonnegarde Brassempouy Buanes Castaignos-Souslens Castandet Castelnau-Chalosse Castelnau-Tursan Castelner Cazalis Classun Clèdes Coudures Doazit Donzacq Duhort-Bachen Dumes Eugénie-les-Bains Eyres-Moncube Fargues Gaujacq Geaune Gibret Grenade-sur-l'Adour Hagetmau Horsarrieu Labastide-Chalosse Lacajunte Lacrabe Larbey Larrivière-Saint-Savin Latrille Lauret Mant Marpaps Mauries Maurrin	3.2.2022

Maylis Miramont-Sensacq Momuy Monget Monségur Montfort-en-Chalosse Montgaillard Morganx Nassiet Payros-Cazaütets Pécorade Peyre Philondex Pimbo Poudenx Poyartin Puyol-Cazalet Renung Saint-Agnet Saint-Aubin Sainte-Colombe Saint-Cricq-Chalosse Saint-Loubouer Samadet Sarraziet Sarron Serres-Gaston Serreslous-et-Arribans Sorbets Urgons Vielle-Tursan	
<i>Département: Lot-et-Garonne (47)</i>	
CLAIRAC GRATELOUP-SAINT-GAYRAND TONNEINS VARES	31.1.2022
<i>Département: Pyrénées-Atlantiques (64)</i>	
BIDACHE CAME GUICHE SAMES	20.1.2022
ARGET CASTEIDE-CANDAU LABEYRIE MALAUSSANNE MONTAGUT SAINT-MEDARD SAULT-DE-NAVAILLES BENTAYOU-SEREE LAMAYOU LUCARRE MAURE MOMY PONTIACQ-VIELLEPINTE	21.1.2022
ARGET AREN EST D936 AROUÉ-ITHOROTS-OLHAIBY CASTEIDE-CANDAU CHARRE CHARRITTE-DE-BAS DOGNEN	28.1.2022

ETCHARRY GERONCE EST D836 GEUS-D'OLORON EST D836 GURS JASSES LABEYRIE LAY-LAMIDOU LICHOS MALAUSSANNE MONTAGUT MORLANNE NABAS ORIN EST D836 ORTHEZ PIETS-PLASENCE-MOUSTROU POEY-D'OLORON PRECHACQ-JOSBAIG PRECHACQ-NAVARRENX SAINT-GOIN EST D836 SAINT-MEDARD SALLESPISE SAUCEDE SAULT-DE-NAVAILLES	
<i>Département: Hautes-Pyrénées (65)</i>	
VILLENAVE-PRES-BEARN	21.1.2022
<i>Département: DEUX-SEVRES (79)</i>	
SAINT-MAIXENT-DE -BEUGNE COULONGES-SUR-L'AUTIZE	30.1.2022
<i>Département: Vendée (85)</i>	
BEAUFOU	26.1.2022
FAYMOREAU FOUSSAIS-PAYRE SAINT-HILAIRE-DES-LOGES	30.1.2022

Ballstát: an Chróit

Limistéar arb é atá ann:	An dáta go dtí infheidhmeacht i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmlichte (AE) 2020/687
<i>Županija: Osječko- baranjska</i>	
Naselja na području općine Beli Manastir: Beli Manastir, Branjin Vrh i Šumarina.	2.2.2022

Ballstát: an Iodáil

Limistéar arb é atá ann:	An dáta go dtí infheidhmeacht i gcomhréir le hAirteagal 39 de Rialachán Tarmlichthe (AE) 2020/687
<i>Region: Veneto - Lombardia</i>	
The area of Veneto Region within a circle of radius of three kilometers from the following outbreaks ADIS: IT-HPAI(P)-2021-00220 (WGS84 dec. coordinates N45.490788167 E10.878953759)	26.1.2022
The area of Veneto Region within a circle of radius of three kilometers from the following outbreaks ADIS: IT-HPAI(P)-2021-00081, IT-HPAI(P)-2021-00119, IT-HPAI(P)-2021-00230 (WGS84 dec. coordinates N45.385069666 E10.952114147, N45.38623123 E10.946356142, N45.393123102 E10.946768294)	27.1.2022
 - Municipality of Corte de' Frati (CR)
 - Municipality of Crema (CR) East of Serio river
 - Municipality of Cremona (CR)
 - Municipality of Crotta d'Adda (CR)
 - Municipality of Cumignano sul Naviglio (CR)
 - Municipality of Derovere (CR)
 - Municipality of Fiesco (CR)
-

-
- Municipality of Formigara (CR)
 - Municipality of Gabbioneta-Binanuova (CR)
 - Municipality of Gadesco-Pieve Delmona (CR)
 - Municipality of Genivolta (CR)
 - Municipality of Gerre de' Caprioli (CR)
 - Municipality of Gombito (CR)
 - Municipality of Grontardo (CR)
 - Municipality of Grumello Cremonese ed Uniti (CR)
 - Municipality of Gussola (CR)
 - Municipality of Isola Dovarese (CR)
 - Municipality of Izano (CR)
 - Municipality of Madignano (CR)
 - Municipality of Malagnino (CR)
 - Municipality of Martignana di Po (CR)
 - Municipality of Montodine (CR) East of Serio river
 - Municipality of Motta Baluffi (CR)
 - Municipality of Offanengo (CR)
 - Municipality of Olmeneta (CR)
 - Municipality of Ostiano (CR)
 - Municipality of Paderno Ponchielli (CR)
 - Municipality of Persico Dosimo (CR)
 - Municipality of Pescarolo ed Uniti (CR)
 - Municipality of Pessina Cremonese (CR)
 - Municipality of Piacena Drizzona (CR)
 - Municipality of Pieve d'Olmi (CR)
 - Municipality of Pieve San Giacomo (CR)
 - Municipality of Pizzighettone (CR)
 - Municipality of Pozzaglio ed Uniti (CR)
 - Municipality of Ricengo (CR)
 - Municipality of Ripalta Arpina (CR)
 - Municipality of Rivarolo del Re ed Uniti (CR)
 - Municipality of Robecco d'Oglio (CR)
 - Municipality of Romanengo (CR)
 - Municipality of Salvirola (CR)
 - Municipality of San Bassano (CR)
 - Municipality of San Daniele Po (CR)
 - Municipality of San Giovanni in Croce (CR)
 - Municipality of San Martino del Lago (CR)
 - Municipality of Scandolara Ravara (CR)
 - Municipality of Scandolara Ripa d'Oglio (CR)
 - Municipality of Sesto ed Uniti (CR)
 - Municipality of Solarolo Rainerio (CR)
 - Municipality of Soncino (CR)
 - Municipality of Soresina (CR)
 - Municipality of Sospiro (CR)
 - Municipality of Spinadesco (CR)
 - Municipality of Spineda (CR)
 - Municipality of Stagno Lombardo (CR)
 - Municipality of Ticengo (CR)
 - Municipality of Tornata (CR)
 - Municipality of Torre de' Picenardi (CR)
 - Municipality of Torricella del Pizzo (CR)
 - Municipality of Trigolo (CR)
 - Municipality of Vescovato (CR)
 - Municipality of Volongo (CR)
 - Municipality of Voltido (CR)
 - Municipality of Acquanegra sul Chiese (MN)
 - Municipality of Asola (MN)
 - Municipality of Bagnolo San Vito (MN)
 - Municipality of Borgo Mantovano (MN)
 - Municipality of Borgo Virgilio (MN)
 - Municipality of Borgocarbonara (MN)
 - Municipality of Bozzolo (MN) South of SP64 ex SS10
 - Municipality of Bozzolo (MN) North of SP64 ex SS10
 - Municipality of Canneto sull'Oglio (MN)
-

-
- Municipality of Casalmoro (MN)
 - Municipality of Casaloldo (MN)
 - Municipality of Casalromano (MN)
 - Municipality of Castel d’Ario (MN)
 - Municipality of Castel Goffredo (MN)
 - Municipality of Castelforte (MN)
 - Municipality of Castellucchio (MN) South of SP64 ex SS10
 - Municipality of Castellucchio (MN) North of SP64 ex SS10
 - Municipality of Castiglione delle Stiviere (MN)
 - Municipality of Cavriana (MN)
 - Municipality of Ceresara (MN)
 - Municipality of Commessaggio (MN)
 - Municipality of Curtatone (MN) South of SP64 ex SS10
 - Municipality of Curtatone (MN) North of SP64 ex SS10
 - Municipality of Dosolo (MN)
 - Municipality of Gazoldo degli Ippoliti (MN)
 - Municipality of Gazzuolo (MN)
 - Municipality of Goito (MN)
 - Municipality of Gonzaga (MN)
 - Municipality of Guidizzolo (MN)
 - Municipality of Magnacavallo (MN)
 - Municipality of Mantova (MN) North of SP64 ex SS10
 - Municipality of Mantova (MN) South of SP64 ex SS10
 - Municipality of Marcaria (MN) South of SP64 ex SS10
 - Municipality of Marcaria (MN) North of SP64 ex SS10
 - Municipality of Mariana Mantovana (MN)
 - Municipality of Marmirolo (MN)
 - Municipality of Medole (MN)
 - Municipality of Moglia (MN)
 - Municipality of Monzambano (MN)
 - Municipality of Motteggiana (MN)
 - Municipality of Ostiglia (MN)
 - Municipality of Pegognaga (MN)
 - Municipality of Piubega (MN)
 - Municipality of Poggio Rusco (MN)
 - Municipality of Pomponesco (MN)
 - Municipality of Ponti sul Mincio (MN)
 - Municipality of Porto Mantovano (MN)
 - Municipality of Quingentole (MN)
 - Municipality of Quistello (MN)
 - Municipality of Redonesco (MN)
 - Municipality of Rivarolo Mantovano (MN)
 - Municipality of Rodigo (MN)
 - Municipality of Roncoferraro (MN)
 - Municipality of Roverbella (MN)
 - Municipality of Sabbioneta (MN)
 - Municipality of San Benedetto Po (MN)
 - Municipality of San Giacomo delle Segnate (MN)
 - Municipality of San Giorgio Bigarello (MN) North of SP64 ex SS10
 - Municipality of San Giorgio Bigarello (MN) South of SP64 ex SS10
 - Municipality of San Giovanni del Dosso (MN)
 - Municipality of San Martino dall’Argine (MN)
 - Municipality of Schivenoglia (MN)
 - Municipality of Sermide e Felonica (MN)
 - Municipality of Serravalle a Po (MN)
 - Municipality of Solferino (MN)
 - Municipality of Sustinente (MN)
 - Municipality of Suzzara (MN)
 - Municipality of Viadana (MN)
 - Municipality of Villimpenta (MN)
 - Municipality of Volta Mantovana (MN)
-

Region: Veneto

- Municipality of Abano Terme (PD)
- Municipality of Agna (PD)
- Municipality of Albignasego (PD) North of A13
- Municipality of Albignasego (PD) South of A13
- Municipality of Anguillara Veneta (PD)
- Municipality of Arquà Petrarca (PD)
- Municipality of Arre (PD)
- Municipality of Arzergrande (PD)
- Municipality of Bagnoli di Sopra (PD)
- Municipality of Baone (PD)
- Municipality of Barbona (PD)
- Municipality of Battaglia Terme (PD)
- Municipality of Boara Pisani (PD) East of A13
- Municipality of Boara Pisani (PD) West of A21
- Municipality of Borgo Veneto (PD)
- Municipality of Bovolenta (PD)
- Municipality of Brugine (PD)
- Municipality of Campodoro (PD)
- Municipality of Candiana (PD)
- Municipality of Carceri (PD)
- Municipality of Cartura (PD)
- Municipality of Casale di Scodosia (PD)
- Municipality of Casalserugo (PD)
- Municipality of Castelbaldo (PD)
- Municipality of Cervarese Santa Croce (PD)
- Municipality of Cinto Euganeo (PD)
- Municipality of Codevigo (PD)
- Municipality of Conselve (PD)
- Municipality of Correzzola (PD)
- Municipality of Due Carrare (PD) East of A13
- Municipality of Due Carrare (PD) West of A21
- Municipality of Este (PD)
- Municipality of Galzignano Terme (PD)
- Municipality of Gazzo (PD)
- Municipality of Granze (PD)
- Municipality of Legnaro (PD) East of A4
- Municipality of Legnaro (PD) West of A21
- Municipality of Limena (PD) South of A4
- Municipality of Lozzo Atestino (PD)
- Municipality of Maserà di Padova (PD) East of A13
- Municipality of Maserà di Padova (PD) West of A13
- Municipality of Masi (PD)
- Municipality of Megliadino San Vitale (PD)
- Municipality of Merlara (PD)
- Municipality of Mestrino (PD) South of A4
- Municipality of Mestrino (PD) North of A4
- Municipality of Monselice (PD) West of A13
- Municipality of Monselice (PD) East of A13
- Municipality of Montagnana (PD)
- Municipality of Montegrotto Terme (PD)
- Municipality of Noventa Padovana (PD) South of A4, East of A13
- Municipality of Noventa Padovana (PD) South of A4, West of A13
- Municipality of Ospedaletto Euganeo (PD)
- Municipality of Padova (PD) South of A4, North of A13
- Municipality of Padova (PD) South of A4, South of A13
- Municipality of Pernumia (PD) East of A13
- Municipality of Pernumia (PD) West of A13
- Municipality of Piacenza d'Adige (PD)
- Municipality of Piazzola sul Brenta (PD)
- Municipality of Piove di Sacco (PD)
- Municipality of Polverara (PD)
- Municipality of Ponso (PD)

31.1.2022

- Municipality of Ponte San Nicolò (PD) North of A13
- Municipality of Ponte San Nicolò (PD) South of A13
- Municipality of Pontelongo (PD)
- Municipality of Pozzonovo (PD) East of A13
- Municipality of Pozzonovo (PD) West of A13
- Municipality of Rovolon (PD)
- Municipality of Rubano (PD) South of A4
- Municipality of Rubano (PD) North of A4
- Municipality of Saccolongo (PD)
- Municipality of San Pietro Viminario (PD)
- Municipality of Sant'Angelo di Piove di Sacco (PD)
- Municipality of Sant'Elena (PD)
- Municipality of Sant'Urbano (PD)
- Municipality of Saonara (PD)
- Municipality of Selvazzano Dentro (PD)
- Municipality of Solesino (PD) West of A13
- Municipality of Solesino (PD) East of A13
- Municipality of Stanghella (PD) West of A13
- Municipality of Stanghella (PD) East of A13
- Municipality of Teolo (PD)
- Municipality of Terrassa Padovana (PD)
- Municipality of Torreglia (PD)
- Municipality of Tribano (PD)
- Municipality of Urbana (PD)
- Municipality of Veggiano (PD)
- Municipality of Vescovana (PD) West of A13
- Municipality of Vescovana (PD) East of A13
- Municipality of Vighizzolo d'Este (PD)
- Municipality of Vigonza (PD) South of A4, East of A13
- Municipality of Vigonza (PD) South of A4, West of A13
- Municipality of Villa Estense (PD)
- Municipality of Villafranca Padovana (PD) North of A4
- Municipality of Villafranca Padovana (PD) South of A4
- Municipality of Vo' (PD)
- Municipality of Adria (RO)
- Municipality of Ariano nel Polesine (RO)
- Municipality of Arquà Polesine (RO)
- Municipality of Badia Polesine (RO)
- Municipality of Bagnolo di Po (RO)
- Municipality of Bergantino (RO)
- Municipality of Bosaro (RO)
- Municipality of Calto (RO)
- Municipality of Canaro (RO)
- Municipality of Canda (RO)
- Municipality of Castelguglielmo (RO)
- Municipality of Castelmassa (RO)
- Municipality of Castelnovo Bariano (RO)
- Municipality of Ceneselli (RO)
- Municipality of Ceregnano (RO)
- Municipality of Corbola (RO)
- Municipality of Costa di Rovigo (RO)
- Municipality of Crespino (RO)
- Municipality of Ficarolo (RO)
- Municipality of Fiesso Umbertiano (RO)
- Municipality of Frassinelle Polesine (RO)
- Municipality of Fratta Polesine (RO)
- Municipality of Gaiba (RO)
- Municipality of Gavello (RO)
- Municipality of Giacciano con Baruchella (RO)
- Municipality of Guarda Veneta (RO)
- Municipality of Lendinara (RO)
- Municipality of Loreo (RO)
- Municipality of Lusia (RO)
- Municipality of Melara (RO)

-
- Municipality of Occhiobello (RO)
 - Municipality of Papozze (RO)
 - Municipality of Pettorazza Grimani (RO)
 - Municipality of Pincara (RO)
 - Municipality of Polesella (RO)
 - Municipality of Pontecchio Polesine (RO)
 - Municipality of Porto Tolle (RO)
 - Municipality of Porto Viro (RO)
 - Municipality of Rosolina (RO)
 - Municipality of Rovigo (RO)
 - Municipality of Salara (RO)
 - Municipality of San Bellino (RO)
 - Municipality of San Martino di Venezze (RO)
 - Municipality of Sienta (RO)
 - Municipality of Taglio di Po (RO)
 - Municipality of Trecenta (RO)
 - Municipality of Villadose (RO)
 - Municipality of Villamarzana (RO)
 - Municipality of Villanova del Ghebbo (RO)
 - Municipality of Villanova Marchesana (RO)
 - Municipality of Campagna Lupia (VE)
 - Municipality of Campolongo Maggiore (VE)
 - Municipality of Camponogara (VE)
 - Municipality of Cavarzere (VE)
 - Municipality of Chioggia (VE)
 - Municipality of Cona (VE)
 - Municipality of Dolo (VE) South of A4
 - Municipality of Fiesso d'Artico (VE)
 - Municipality of Fossò (VE)
 - Municipality of Mira (VE) South of A57 - Tangenziale of Mestre
 - Municipality of Mirano (VE) South of A57 - Tangenziale of Mestre
 - Municipality of Pianiga (VE) South of A4
 - Municipality of Stra (VE)
 - Municipality of Venezia (VE) South of A57 and South of Burano island in the Lagoon of Venice
 - Municipality of Vigonovo (VE)
 - Municipality of Affi (VR)
 - Municipality of Albaredo d'Adige (VR)
 - Municipality of Angiari (VR)
 - Municipality of Arcole (VR)
 - Municipality of Badia Calavena (VR)
 - Municipality of Bardolino (VR)
 - Municipality of Belfiore (VR)
 - Municipality of Bevilacqua (VR)
 - Municipality of Bonavigo (VR)
 - Municipality of Boschi Sant'Anna (VR)
 - Municipality of Bosco Chiesanuova (VR)
 - Municipality of Bovolone (VR)
 - Municipality of Brentino Belluno (VR)
 - Municipality of Brenzone sul Garda (VR)
 - Municipality of Bussolengo (VR)
 - Municipality of Buttapietra (VR)
 - Municipality of Caldiero (VR) North of A4
 - Municipality of Caldiero (VR) South of A4
 - Municipality of Caprino Veronese (VR)
 - Municipality of Casaleone (VR)
 - Municipality of Castagnaro (VR)
 - Municipality of Castel d'Azzano (VR)
 - Municipality of Castelnuovo del Garda (VR) North of A4
 - Municipality of Castelnuovo del Garda (VR) South of A4
 - Municipality of Cavaion Veronese (VR)
 - Municipality of Cazzano di Tramigna (VR)
 - Municipality of Cerea (VR)
 - Municipality of Cerro Veronese (VR)
-

-
- Municipality of Cologna Veneta (VR)
 - Municipality of Colognola ai Colli (VR) North of A4
 - Municipality of Colognola ai Colli (VR) South of A4
 - Municipality of Concemarise (VR)
 - Municipality of Costermano sul Garda (VR)
 - Municipality of Dolcè (VR)
 - Municipality of Erbezzo (VR)
 - Municipality of Ferrara di Monte Baldo (VR)
 - Municipality of Fumane (VR)
 - Municipality of Garda (VR)
 - Municipality of Gazzo Veronese (VR)
 - Municipality of Grezzana (VR)
 - Municipality of Illasi (VR)
 - Municipality of Isola della Scala (VR)
 - Municipality of Isola Rizza (VR)
 - Municipality of Lavagno (VR) North of A4
 - Municipality of Lavagno (VR) South of A4
 - Municipality of Lazise (VR)
 - Municipality of Legnago (VR)
 - Municipality of Malcesine (VR)
 - Municipality of Marano di Valpolicella (VR)
 - Municipality of Mezzane di Sotto (VR)
 - Municipality of Minerbe (VR)
 - Municipality of Montecchia di Crosara (VR)
 - Municipality of Monteforte d'Alpone (VR) North of A4
 - Municipality of Monteforte d'Alpone (VR) South of A4
 - Municipality of Mozzecane (VR)
 - Municipality of Negrar di Valpolicella (VR)
 - Municipality of Nogara (VR)
 - Municipality of Nogarole Rocca (VR)
 - Municipality of Oppeano (VR)
 - Municipality of Palù (VR)
 - Municipality of Pastrengo (VR)
 - Municipality of Pescantina (VR)
 - Municipality of Peschiera del Garda (VR) North of A4
 - Municipality of Peschiera del Garda (VR) South of A4
 - Municipality of Povegliano Veronese (VR)
 - Municipality of Pressana (VR)
 - Municipality of Rivoli Veronese (VR)
 - Municipality of Roncà (VR)
 - Municipality of Ronco all'Adige (VR)
 - Municipality of Roverè Veronese (VR)
 - Municipality of Roverchiara (VR)
 - Municipality of Roveredo di Guà (VR)
 - Municipality of Salizzole (VR)
 - Municipality of San Bonifacio (VR) South of A4
 - Municipality of San Bonifacio (VR) North of A4
 - Municipality of San Giovanni Ilarione (VR)
 - Municipality of San Giovanni Lupatoto (VR) South of A4
 - Municipality of San Giovanni Lupatoto (VR) North of A4
 - Municipality of San Martino Buon Albergo (VR) North of A4
 - Municipality of San Martino Buon Albergo (VR) South of A4
 - Municipality of San Mauro di Saline (VR)
 - Municipality of San Pietro di Morubio (VR)
 - Municipality of San Pietro in Cariano (VR)
 - Municipality of San Zeno di Montagna (VR)
 - Municipality of Sanguinetto (VR)
 - Municipality of Sant'Ambrogio di Valpolicella (VR)
 - Municipality of Sant'Anna d'Alfaedo (VR)
 - Municipality of Selva di Progno (VR)
 - Municipality of Soave (VR) North of A4
 - Municipality of Soave (VR) South of A4
 - Municipality of Sommacampagna (VR) South of A4
-

-
- Municipality of Sommacampagna (VR) North of A4
 - Municipality of Sona (VR) North of A4
 - Municipality of Sona (VR) South of A4
 - Municipality of Sorgà (VR)
 - Municipality of Terrazzo (VR)
 - Municipality of Torri del Benaco (VR)
 - Municipality of Tregnago (VR)
 - Municipality of Trevenzuolo (VR)
 - Municipality of Valeggio sul Mincio (VR)
 - Municipality of Velo Veronese (VR)
 - Municipality of Verona (VR) North of A4
 - Municipality of Verona (VR) South of A4
 - Municipality of Veronella (VR)
 - Municipality of Vestenanova (VR)
 - Municipality of Vigasio (VR)
 - Municipality of Villa Bartolomea (VR)
 - Municipality of Villafranca di Verona (VR)
 - Municipality of Zevio (VR)
 - Municipality of Zimella (VR)
 - Municipality of Agugliaro (VI)
 - Municipality of Albettono (VI)
 - Municipality of Alonte (VI)
 - Municipality of Altavilla Vicentina (VI) South of A4
 - Municipality of Arcugnano (VI) South of A4
 - Municipality of Arzignano (VI)
 - Municipality of Asigliano Veneto (VI)
 - Municipality of Barbarano Mossano (VI)
 - Municipality of Brendola (VI) East of A4
 - Municipality of Brendola (VI) West of A4
 - Municipality of Camisano Vicentino (VI)
 - Municipality of Campiglia dei Berici (VI)
 - Municipality of Castegnero (VI)
 - Municipality of Chiampo (VI)
 - Municipality of Gambellara (VI) North of A4
 - Municipality of Gambellara (VI) South of A4
 - Municipality of Grisignano di Zocco (VI) North of A4
 - Municipality of Grisignano di Zocco (VI) South of A4
 - Municipality of Grumolo delle Abbadesse (VI) North of A4
 - Municipality of Grumolo delle Abbadesse (VI) South of A4
 - Municipality of Longare (VI)
 - Municipality of Lonigo (VI)
 - Municipality of Montebello Vicentino (VI) West of A4
 - Municipality of Montebello Vicentino (VI) East of A4
 - Municipality of Montecchio Maggiore (VI) West of A4
 - Municipality of Montecchio Maggiore (VI) East of A4
 - Municipality of Montegalda (VI)
 - Municipality of Montegaldella (VI)
 - Municipality of Montorso Vicentino (VI)
 - Municipality of Nanto (VI)
 - Municipality of Noventa Vicentina (VI)
 - Municipality of Orgiano (VI)
 - Municipality of Pojana Maggiore (VI)
 - Municipality of Sarego (VI)
 - Municipality of Sossano (VI)
 - Municipality of Torri di Quartesolo (VI) North of A4
 - Municipality of Torri di Quartesolo (VI) South of A4
 - Municipality of Val Liona (VI)
 - Municipality of Vicenza (VI) South of A4
 - Municipality of Villaga (VI)
 - Municipality of Zermeghedo (VI)
 - Municipality of Zovencedo (VI)
-

-
- * I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí don Bhallstát leis an Ríocht Aontaithe i dtaca le Thuaisceart Éireann de.”
-

MOLTAÍ

MOLADH (AE) 2022/107 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Eanáir 2022

maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/1475

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 21(2), Airteagal 168(6) agus an chéad agus an dara habairt d'Airteagal 292 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le saoránacht an Aontais, tugtar an ceart chun saorghluaiseachta do shaoránaigh uile an Aontais.
- (2) De bhun Airteagal 21(1) den Chonradh, tá an ceart ag gach saoránach den Aontas gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí agus leis na bearta arna nglacadh chun éifeacht a thabhairt dóibh. Tugtar éifeacht don cheart sin le Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾. In Airteagal 45 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), déantar foráil freisin maidir le saoirse gluaiseachta agus saoirse cónaithe. Ós rud é gur gá gníomhaíocht ón Aontas chun an cuspóir a leagtar síos in Airteagal 21 den Chonradh a bhaint amach, agus ós rud nach bhforáiltear do na cumhachtaí is gá sna Conarthaí seachas sin, féadfaidh an Chomhairle forálacha a ghlacadh d'fhonn feidhmiú ceart saoránach chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse a éascú.
- (3) De bhun Airteagal 168(1) den Chonradh, ní mór ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú i sainiú agus cur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais.
- (4) An 30 Eanáir 2020, d'fhógair Ard-Stiúrthóir na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar inní idirnáisiúnta í i ngeall ar an ráig dhomhanda de choróinvíreas nua, arb é is cúis le galar choróinvíreas 2019 (COVID-19). An 11 Márta 2020, mheas EDS gur féidir COVID-19 a shaintréithiú mar phaindéim.
- (5) Chun srian a chur le leathadh an víris, ghlac na Ballstáit bearta éagsúla, ina measc bearta a raibh tionchar díreach acu ar cheart shaoránaigh an Aontais gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát, amhail srianta ar dhul isteach nó ceanglais ar thaistealaithe trasteorann agus cearta saorghluaiseachta á bhfeidhmiú acu chun tástálacha le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2 a dhéanamh.
- (6) Ós rud é gur paindéim COVID-19 is cúis le héigeandáil sláinte nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, tá cosaint na sláinte poiblí mar thosaíocht sháraitheach ag an Aontas agus ag a Bhallstáit. Chun an tsláinte phoiblí a chosaint, féadfaidh na Ballstáit bearta a dhéanamh lena gcuirtear srian ar shaorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas. De réir Airteagal 168(7) den Chonradh, tá na Ballstáit freagrach as na bearta sláinte náisiúnta a shainiú, lena n-áirítear

⁽¹⁾ Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

seirbhísí sláinte agus cúram leighis a eagrú agus a sholáthar, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé go mbeadh éagsúlachtaí ann ó Bhallstát go Ballstát. Cé go bhfuil na Ballstáit inniúil ar chinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta is iomchuí chun an tsláinte phoiblí a chosaint, is iomchuí comhordú na mbearta sin a áirithiú, d'fhonn feidhmiú an chirt chun saorghluaiseachta a choimirciú agus d'fhonn bagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte amhail COVID-19 a chomhrac.

- (7) Agus srianta ar shaorghluaiseacht á nglacadh agus á gcur i bhfeidhm acu, ba cheart do na Ballstáit prionsabail dhlí an Aontais a urramú, go háirithe prionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe. Tá sé beartaithe leis an Moladh seo cur i bhfeidhm na bprionsabal sin maidir leis an gcás eisceachtúil, arb é paindéim COVID-19 is cúis leis, a éascú ar bhealach comhordaithe.
- (8) D'fhéadfadh bearta aontaobhacha sa réimse seo a bheith mar chúis le suaití suntasacha, ar an ábhar go bhfuil ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh dul i ngleic le raidhse leathan beart atá éagsúil óna chéile agus a bhíonn ag athrú go tapa. D'fhéadfadh sin a bheith an-díobhálach do gheilleagar an Aontais, a ndearna an víreas difear mór dó cheana féin.
- (9) Is é is aidhm do chur chuige comhordaithe athbhunú na rialuithe teorann inmheánaí a chosc. Níl údar le dúnadh teorainneacha, le toirmisc ghinearálta taistil, ná le heitiltí, iompar talún nó trasnuithe uisce a chur ar fionraí, ós rud é go mbíonn tionchar leordhóthanach ag bearta níos spriocdhírthe agus níos comhordaithe amhail deimhnithe COVID-19 agus tástáil, agus gur lú an cur isteach a bhaineann leo. Le córas na 'Lánaí Glasa' ⁽²⁾, ba cheart na sreabha iompair a choinneáil ag gluaiseacht, go háirithe chun saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí a áirithiú, agus ar an gcaoi sin, déanfar suaití sa slabhra soláthair a sheachaint.
- (10) Chun comhordú méadaithe i measc na mBallstát a áirithiú, ghlac an Chomhairle Moladh (AE) 2020/1475 ⁽³⁾ an 13 Deireadh Fómhair 2020. Leis an Moladh sin, bunaíodh cur chuige comhordaithe maidir leis na príomhphointí seo a leanas: critéir agus tairseacha coiteanna a chur i bhfeidhm agus cinneadh á dhéanamh ar cheart srianta ar an tsaorghluaiseacht a thabhairt isteach, an riosca i dtaobh tarchur COVID-19 a mhapáil de réir cód dathanna comhaontaithe, agus cur chuige comhordaithe i leith na mbeart más ann dóibh a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm go hiomchuí maidir le daoine atá ag gluaiseacht idir limistéir, ag brath ar leibhéal an riosca tarchuir sna limistéir sin. An 1 Feabhra 2021, ghlac an Chomhairle Moladh (AE) 2021/119 ⁽⁴⁾ lena leasaítear Moladh (AE) 2020/1475 i bhfianaise leibhéal an-ard tarchuir chomhphobail ar fud an Aontais, tarchur a d'fhéadfadh a bheith nasctha le hin-tarchurthacht mhéadaithe na n-athraitheach nua SARS-CoV-2 ar díol inní iad.
- (11) An 14 Meitheamh 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2021/953 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 ⁽⁵⁾. Cuireadh an creat ar bun chun go mbeadh daoine a bhfuil Deimhniú Digiteach COVID AE acu in ann a gceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú le linn phaindéim COVID-19. Rannchuideofar leis an Rialachán sin freisin le héascú a dhéanamh ar dheireadh a chur de réir a chéile, ar bhealach comhordaithe, le srianta ar an tsaorghluaiseacht a chuir na Ballstáit i bhfeidhm, i gcomhréir le dlí an Aontais, chun leathadh SARS-CoV-2 a theorannú.
- (12) Bhí feidhm ag Rialachán (AE) 2021/953 ón 1 Iúil 2021. Ó shin i leith, tá ceart ag daoine atá vacsaínithe, tástáilte nó téarnaithe Deimhniú Digiteach COVID AE a fháil tar éis dóibh vacsaín a fháil, tástáil a dhéanamh, nó téarnamh ón víreas i mBallstát. Chun an leas is fearr a bhaint as an gcreat maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE, ghlac an Chomhairle, an 14 Meitheamh 2021, Moladh (AE) 2021/961 ⁽⁶⁾ lena leasaítear Moladh (AE) 2020/1475.

⁽²⁾ *Communication from the Commission on upgrading the transport Green Lanes to keep the economy going during the COVID-19 pandemic resurgence* [Teachtairacht ón gCoimisiún maidir le huasghrádú na 'Lánaí Glasa' iompair chun an geilleagar a choinneáil ag imeacht le linn athbheochan phaindéim COVID-19 (COM(2020) 685 final)].

⁽³⁾ Moladh (AE) 2020/1475 ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2020 maidir le cur chuige comhordaithe i leith an tsaorghluaiseachta a shrianadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 (IO L 337, 14.10.2020, lch. 3).

⁽⁴⁾ Moladh (AE) 2021/119 ón gComhairle an 1 Feabhra 2021 lena leasaítear Moladh (AE) 2020/1475 maidir le cur chuige comhordaithe i leith saorghluaiseachta a shrianadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 (IO L 36 I, 2.2.2021, lch. 1).

⁽⁵⁾ IO L 211, 15.6.2021, lch. 1.

⁽⁶⁾ Moladh (AE) 2021/961 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena leasaítear Moladh (AE) 2020/1475 maidir le cur chuige comhordaithe i leith saorghluaiseachta a shrianadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 (IO L 213 I, 16.6.2021, lch. 1).

- (13) Ó mhí an Mheithimh 2021, rinneadh dhá fhorbairt thábhachtacha a bhfuil tionchar acu ar an tsiorghluaiseacht laistigh den Aontas. Ar dtús, tháinig méadú suntasach ar ghlacadh vacsaíní, agus bhí glacadh carnach an vacsaínithe iomláin i measc dhaonra iomlán an Aontais níos mó ná 68 % faoin 10 Eanáir 2022 ⁽⁷⁾ i gcomparáid le níos lú ná 30 % tráth a glacadh an leasú is déanaí ar Mholadh (AE) 2020/1475 agus Rialachán (AE) 2021/953 ⁽⁸⁾. Dá bhrí sin, is fearr an chosaint atá ag céatadán i bhfad níos airde den daonra ó bheith an-tinn agus ó bhás ó COVID-19 a bhfuil leis na vacsaíní COVID-19 atá ar fáil faoi láthair. Ar an dara dul síos, tá an-dul chun cinn déanta maidir le leathadh amach Dheimhniú Digiteach COVID AE.

Faoi mhí Eanáir 2022, bhí níos mó ná 1 bhiliún Deimhniú Digiteach COVID eisithe ag an Aontas. Is uirlis í Deimhniú Digiteach COVID AE, mar sin, atá ar fáil go forleathan, atá iontaofa agus inghlactha, chun saorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19. Úsáideann Ballstáit an Aontais, na trí thír den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nach Ballstát den Aontas iad, agus an Eilvéis ⁽⁹⁾ an creat maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE, agus úsáidtear é i 29 dtríú tír agus críoch eile, agus táthar ag súil go gcuirfead tríú tíortha eile leis an líon sin amach anseo. Ag an am céanna, tá an staid eipidéimeolaíoch laistigh den Aontas fós dúshlánach, rud a thugann údar do na bearta atá dírithe ar an tsláinte phoiblí a chosaint a choinneáil ar bun.

- (14) I bhfianaise na bhforbairtí sin, ba cheart an cur chuige coiteann a leagtar amach i Moladh (AE) 2020/1475 ón gComhairle a oiriúnú a thuilleadh, mar a iarradh freisin ag an gComhairle Eorpach sna conclúidí uaithe an 22 Deireadh Fómhair 2021 ⁽¹⁰⁾. Go háirithe, ba cheart stádas vacsaínithe, tástála nó téarnaimh COVID-19 duine, mar ba léir le Deimhniú Digiteach COVID AE, a bheith mar phríomhchinntitheach. Ós rud é gur féidir Deimhniú Digiteach COVID AE a eisiúint, a fhíorú agus a ghlacadh go sábháilte, níor cheart go mbeadh taistealaithe a bhfuil Deimhniú Digiteach COVID AE acu faoi réir srianta breise ar shaorghluaiseacht, amhail tástálacha breise le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2. Go háirithe, i bprionsabal, níor cheart go mbeadh ar dhaoine a bhíonn ag taisteal laistigh den Aontas coraintín a dhéanamh, ós rud é go gcuirtear srian suntasach ar an tsiorghluaiseacht leis.
- (15) Tacaítear leis sin le moltaí a d'eisigh EDS ⁽¹¹⁾, ina luaitear nár cheart do thaistealaithe atá iomlán vacsaínithe ná taistealaithe atá téarnaithe ó COVID-19 laistigh de 6 mhí roimh thaisteal dóibh, a bheith faoi réir srianta breise. Ba cheart, i bprionsabal, go mbeadh daoine nach bhfuil sa dá chatagóir sin in ann taisteal bunaithe ar thástáil dhiúltach le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2.
- (16) Chun an tsiorghluaiseacht laistigh den Aontas a shimpliú, is gá comhthuisicint a leagan amach ar na coinníollacha ar cheart a bheith comhlíonta leis na trí chineál Dheimhniú Digiteach COVID AE chun go nglacfar leo.
- (17) An 21 Nollaig 2021, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2288 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tréimhse inghlacthachta na ndeimhniú vacsaínithe arna n-eisiúint i bhformáid Dheimhniú Digiteach COVID AE lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil ⁽¹²⁾. Leis an Rialachán Tarmligthe sin, arna bhunú, chun críche taistil, ní ghlacfar le deimhniú lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith phríomhúil vacsaínithe ach amháin i gcás nach bhfuil níos mó ná 270 lá caite ó dháta na dáileoige is deireanaí sa tsraith sin. Ós rud é nárbh fhéidir fós tréimhse inghlacthachta deimhniú a chinneadh lena léirítear gur tugadh teanndáileoga, tugadh faoi deara sa Rialachán Tarmligthe nár cheart go mbeadh feidhm ag aon tréimhse inghlacthachta, ag an gcéim seo, maidir le deimhniú lena léirítear gur tugadh teanndáileog.
- (18) Ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh láithreach chun rochtain ar vacsaíní a áirithiú do na grúpaí daonra sin a bhfuil a ndeimhniú vacsaínithe a eisíodh roimhe sin ag druidim le teorainn na tréimhse inghlacthachta caighdeánaí, agus aird iomlán á tabhairt ar chinntí intíre maidir le tosaíocht a thabhairt do ghrúpaí éagsúla daonra i leathadh amach na vacsaínithe i bhfianaise an bheartais náisiúnta agus na stáide eipidéimeolaíche.

⁽⁷⁾ <https://vaccinetracker.ecdc.europa.eu/public/extensions/COVID-19/vaccine-tracker.html#summary-tab>

⁽⁸⁾ <https://vaccinetracker.ecdc.europa.eu/public/extensions/COVID-19/vaccine-tracker.html#uptake-tab>

⁽⁹⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1126 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2021 lena mbunaítear gur coibhéiseach iad deimhniú COVID-19 arna n-eisiúint ag an Eilvéis leis na deimhniú arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 243, 9.7.2021, lch. 49).

⁽¹⁰⁾ EUCO 17/21.

⁽¹¹⁾ WHO-2019-nCoV-Policy-Brief-Risk-based-international-travel-2021,1, ar fáil ag: <https://www.who.int/publications/i/item/WHO-2019-nCoV-Policy-Brief-Risk-based-international-travel-2021,1>

⁽¹²⁾ IO L 458, 22.12.2021, lch. 459.

- (19) Ba cheart iarraidh ar an gCoimisiún faireachán agus athmheastóireacht rialta a dhéanamh ar an gcur chuige maidir leis an tréimhse inghlacthachta chun a mheasúnú an mbeadh oiriúnuithe nó athruithe ag teastáil ar bhonn fianaise eolaíoch nua a bheadh ag teacht chun cinn, lena n-áirítear fianaise i ndáil leis an tréimhse inghlacthachta le haghaidh deimhnithe arna n-eisiúint ar thabhairt teandáileoige.
- (20) Chun saorghluaiseacht laistigh den Aontas a shimplíú, ba cheart na tréimhsí caighdeánacha bailíochta le haghaidh deimhnithe tástála a choinneáil. Ba cheart an tsampláil is gá le haghaidh tástáil aimplíucháin mhóilínigh aigéid núicléasaigh a dhéanamh, d'fhonn a bheith incháilithe, tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig sula dtagann siad isteach. Tá údar le tréimhse bhailíochta níos giorra nach faide ná 24 uair an chloig i gcás mearthástálacha antaiginí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le liosta coiteann an Aontais de mhearthástálacha antaiginí COVID-19 arna chomhaontú ag an gCoiste Slándála Sláinte ⁽¹³⁾ i bhfianaise na dtástálacha sin a bheith ar fáil.
- (21) Le cúpla mí anuas, tá feabhas tagtha ar fheidhmíocht chliniciúil na mearthástálacha antaiginí. I mí Bealtaine 2021, rinne an Mheitheal Theicniúil um thástálacha diagnóiseacha COVID-19 arna bunú ag an gCoiste Slándála Sláinte ⁽¹⁴⁾, atá freagrach as liosta coiteann an Aontais de mhearthástálacha antaiginí a choinneáil, nós imeachta níos struchtúrtha, níos comhleánúnaí agus níos gasta a chur ar bun chun an liosta a thabhairt cothrom le dáta. Thairis sin, an 21 Meán Fómhair 2021, tháinig an Mheitheal Theicniúil ar chomhaontú maidir le sainmhíneithe agus critéir bhreise ar cheart iad a mheas le haghaidh staidéir bhailíochtaithe neamhspleacha lena ndéantar measúnú ar fheidhmíocht chliniciúil na mearthástálacha antaiginí do dhiagnóisiú COVID-19. Níor cheart ach torthaí mearthástálacha antaiginí bunaithe ar eiseamail sróine, bhéalfharaingeach agus/nó shrónfharaingeach a bheith bailí le deimhnithe tástála arna n-eisiúint i bhformáid Deimhniú Digiteach COVID AE. Chomhaontaigh an Mheitheal Theicniúil mearthástálacha antaiginí a eisiáimh ón liosta bunaithe ar chineálacha samplacha malartacha amhail seile.

Ina theannta sin, ní chuirtear mearthástálacha antaiginí comhthiomsaithe ná féin-mhearthástálacha antaiginí ar an liosta, rud a chuireann leis an gcomhsheasmhacht is dócha a bheidh ann maidir le feidhmíocht na dtástálacha atá ar an liosta. Chomhaontaigh an Coiste Slándála Sláinte an seachtú nuashonrú ar an liosta coiteann, arb é an nuashonrú is déanaí é, an 10 Samhain 2021. I bhfianaise na bhfeabhsuithe sin, ba cheart do gach Ballstát, chun críche taistil, glacadh leis an dá dheimhniú tástála arna n-eisiúint tar éis NAAT agus le deimhnithe tástála arna n-eisiúint tar éis mearthástáil antaiginí atá ar liosta coiteann an Aontais.

- (22) Ó tharla gurb ann d'fhianaise lena dtacaítear le moladh nach dteastaíonn tástáil bhreise le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2 a bhaineann le taisteal nó féinleithlisiú nó coraintín a bhaineann le taisteal ó dhaoine atá téarnaithe ó COVID-19, ar a laghad laistigh de na chéad 180 lá den chéad tástáil dhearfach NAAT ba cheart sealbhóirí na ndeimhnithe téarnaimh sin a dhíolmhú ó shrianta breise taistil don tréimhse sin.
- (23) Le córas Dheimhniú Digiteach COVID AE, tugtar an deis rialacha bailíochtaithe a chur i bhfeidhm go huathoibríoch ar thacair shonraí na ndeimhnithe, lena n-áirítear go gcuirfear rialacha taistil i bhfeidhm go tapa, go hiontaoifa agus go hintuartha. Chun cur i bhfeidhm rialacha bailíochtaithe Dheimhniú Digiteach COVID AE a éascú, ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as feidhmiúlacht phróiseála na rialacha caighdeánaithe gnó a chuirtear ar fáil le córas Dheimhniú Digiteach COVID AE ⁽¹⁵⁾.
- (24) Ó glacadh Rialachán (AE) 2021/953, tá roinnt gníomhartha cur chun feidhme glactha ag an gCoimisiún lena suitear go measfar deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag tríú tír áirithe do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh a bheith coibhéiseach le deimhnithe arna n-eisiúint ag na Ballstáit i gcomhréir leis an rialachán sin d'fhonn saorghluaiseacht a sealbhóirí a éascú. I gcás go ndéanfar tagairt sa mholadh sin do Dheimhnithe Digiteacha COVID AE arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953, ba cheart a thuiscint leis sin go gcumhdaítear leis deimhnithe arna n-eisiúint do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh arna gcumhdach leis na gníomhartha cur chun feidhme sin. Chun an tsaorghluaiseacht a éascú, ba cheart na Ballstáit a spreagadh freisin chun Dheimhnithe Digiteacha COVID AE a eisiúint de bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/953 do dhaoine arna gcumhdach leis an bhforáil sin ós rud é gur vacsaíníodh iad i dtríú tíortha, go háirithe i dtríú tíortha nach gcumhdaítear a ndeimhnithe siúd leis na gníomhartha cur chun feidhme sin.

⁽¹³⁾ Ar fáil ag: https://ec.europa.eu/health/sites/default/files/preparedness_response/docs/covid-19_rat_common-list_en.pdf

⁽¹⁴⁾ https://ec.europa.eu/health/security/crisis-management/twg_covid-19_diagnostic_tests_en

⁽¹⁵⁾ https://ec.europa.eu/health/sites/default/files/ehealth/docs/eu-dcc_validation-rules_en.pdf

- (25) Mar a luaitear in Airteagal 3(6) de Rialachán (AE) 2021/953, ní réamhchoinníoll í Deimhniú Digiteach COVID AE a bheith ag duine chun an ceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú. Dá bhrí sin, níor cheart cosc taisteal a chur ar dhaoine nach bhfuil Deimhniú Digiteach COVID AE ina seilbh acu, ach d'fhéadfaí, más gá, a cheangal orthu tástáil le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2 dhéanamh sula dtagann siad isteach nó ina dhiaidh sin chun an riosca go dtabharfaí ionfhabhtuithe isteach a laghdú.
- (26) Cumhdaítear leis an moladh sin úsáid Dheimhniú Digiteach COVID AE chun saorghluaiseacht a éascú laistigh den Aontas le linn phaindéim COVID-19. Ní fhorordaítear ná ní thoirmisctear úsáid dheimhnithe COVID-19 chun críocha intíre leis, amhail rochtain ar imeachtaí, ar ionaid nó ar an ionad oibre. Mar a tugadh faoi deara in Aithris 48 de Rialachán (AE) 2021/953, i gcás ina gcinneann Ballstát Deimhnithe Digiteacha COVID AE a úsáid chun críocha eile, ní mór foráil a dhéanamh don bhunús dlí atá leis na húsáidí intíre sin sa dlí náisiúnta, nach mór dó ceanglais cosanta sonraí a chomhlíonadh, i measc nithe eile. Mar a tugadh faoi deara in Aithris 49 de Rialachán (AE) 2021/953, i gcás ina bhfuil córas dheimhnithe COVID-19 bunaithe ag Ballstát chun críocha intíre, ba cheart dó a áirithiú gur féidir Deimhnithe Digiteacha COVID AE a úsáid freisin agus go mbeadh lánghlacadh leo. Déanfar amhlaidh chun a áirithiú nach mbeidh ar shealbhóirí na ndeimhnithe sin, a théann chuig Ballstát agus a gceart chun saorghluaiseachta á fheidhmiú acu, deimhniú náisiúnta breise a fháil.
- (27) I bhfianaise a gcúinsí sonracha nó a bhfeidhme bunriachtanaí, níor cheart a cheangal ar chatagóirí áirithe taistealaithe a bhfuil a gceart chun saorghluaiseachta á fheidhmiú acu deimhniú digiteach COVID AE a bheith acu. Ag an am céanna, d'fhéadfadh an liosta sin a bheith níos teoranta i gcomparáid le Moladh (AE) 2020/1475, ós rud é go bhfuil an vacsaín faighte ag cuid mhór daoine atá ag taisteal ar mhaithe le feidhm nó riachtanas bunriachtanach cheana féin. Ba cheart go gcumhdófaí leis oibríthe iompair nó soláthraithe seirbhísí iompair, othair atá ag taisteal ar mhórchúiseanna leighis, maraithe, daoine a thrasnaíonn teorainneacha go laethúil nó go minic chun dul chun na hoibre nó ar scoil, chun cuairt a thabhairt ar gharghaolta, chun cúram leighis a lorg, nó chun aire a thabhairt do dhaoine muinteartha, agus do leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois.
- (28) I bhfianaise an dul chun cinn atá déanta maidir leis an nglacadh vacsaíne agus leathadh amach rathúil Dheimhniú Digiteach COVID AE, ba cheart bearta taistil COVID-19 a chur i bhfeidhm ar an leibhéal pearsanta seachas ar an leibhéal réigiúnach, rud a chiallaíonn gur cheart stádas vacsaínithe, tástála nó téarnaimh COVID-19 taistealaí, arna fhianú le Deimhniú Digiteach COVID AE bailí, a bheith mar phríomhchinntitheach. Níor cheart, i bprionsabal, do thaistealaithe a bhfuil a gceart chun saorghluaiseachta á fheidhmiú acu le deimhniú bailí a bheith faoi réir srianta breise. Tá údar leis an gcur chuige sin toisc go bhfuil an víreas i réim ngach réigiún ar fud an Aontais i gcónaí agus go n-athraíonn an staid eipidéimeolaíoch sna réigiúin sin de shíor agus go mear. Le cur chuige duinebhunaithe, simpleofar go mór an creat is infheidhme i leith taisteal san Aontas le linn na paindéime, agus tabharfaidh sé breis soiléireachta agus intuarthachta do thaistealaithe maidir leis na rialacha is infheidhme.
- (29) Cionn is gurb úsáideach an uirlis í don phobal agus d'údarais na mBallstát agus gurb fhurasta í a thuiscint, ba cheart an léarscáil soilse tráchta lena sonraítear an staid eipidéimeolaíoch ar an leibhéal réigiúnach a choinneáil chun críocha faisnéise, cé is moite de limistéir ina bhfuil an víreas ag scaipeadh ar leibhéal an-ard agus ina bhfuil gá le bearta breise. Ba cheart critéir agus tairseacha na léarscáile, mar a leagtar amach iad i Moladh (AE) 2020/1475 ón gComhairle, a oiriúnú mar sin féin chun níos mó béime a chur ar chásanna COVID-19 nuafhógartha mar an príomhchritéir chun an riosca go dtabharfaidh taistealaí ionfhabhtaithe SARS-CoV-2 isteach a chomhfhogasú. Ba cheart an critéir sin a ualú de réir an ghlactha vacsaíne sa réigiún céanna, lena chur san áireamh go laghdaíonn vacsaíniú an riosca don tsláinte phoiblí a bhaineann le COVID-19.

Ba cheart dathchód a shannadh don ráta ualaithe a bheidh mar thoradh air sin agus úsáid á baint as tairseacha na samhla measúnaithe riosca arna forbairt ag ECDC, cé is moite de réigiúin nach bhfuil ráta tástála leordhóthanach acu. Ba cheart sonraíochtaí na léarscáile a chur san áireamh in iarscríbhinn a ghabhann leis an moladh. Agus sonraí arna gcur ar fáil ag na Ballstáit á n-úsáid, ba cheart don Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú an léarscáil a fhoilsiú ar bhonn seachtainiúil.

- (30) Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar limistéir ina bhfuil an víreas ag scaipeadh ar leibhéal an-ard, ós rud é gur dóichí go dtabharfaí cásanna isteach ó na limistéir sin, chomh maith leis an mbrú a d'fhéadfadh tréimhsí fada ina bhfuil líon ard cásanna a chur ar chórais sláinte phoiblí na limistéir sin. Chun na rioscaí sin don tsláinte phoiblí a mhaolú, ba cheart do na Ballstáit a mholadh gan a bheith ag taisteal idir na limistéir sin murar bhfuil an taisteal sin riachtanach.

Ina theannta sin, ba cheart é a bheith de cheangal ar dhaoine nach bhfuil deimhniú vacsaínithe ná téarnaimh acu tástáil le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2 a dhéanamh roimh imeacht dóibh mar aon le coraintín/féinleithlisiú tar éis dóibh a gceann scribe a bhaint amach. Ba cheart feidhm a bheith ag eisceachtaí i gcás taistealaithe riachtanacha, go háirithe i gcás oibríthe iompair agus soláthraithe seirbhísí iompair, chun teorainn a chur leis an méid a chuirtear isteach ar an margadh inmheánach agus chun feidhmiú na 'Lánaí Glasa' a chaomhnú.

- (31) Chun aontacht na dteaghlach atá ag taisteal a áirithiú, níor cheart go mbeadh sé de cheangal ar leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois a bhfuil Deimhniú Digiteach COVID AE bailí ina seilbh acu, bíodh sé ina dheimhniú vacsaínithe, ina dheimhniú tástála, nó ina dheimhniú téarnaimh, nó ina thástáil dhiúltach le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2, coraintín/féinleithlisiú a bhaineann le taisteal a dhéanamh. Ina theannta sin, ba cheart leanaí faoi bhun 6 bliana d'aois a bheith díolmhaithe ón gceanglas coraintín/féinleithlisiú nó tástálacha le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2 a bhaineann le taisteal a dhéanamh.
- (32) Is cúis inmí i gcónaí é teacht chun cinn athraithe nua SARS-CoV-2, arna fhianú le teacht chun cinn an athraitheigh 'Omicron', agus ba cheart do na Ballstáit é sin a chur san áireamh i gcomhthéacs srianta ar shaorghluaiseacht mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Déanann an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú measúnú rialta ar fhianaise nua maidir le athraitheigh arna mbrath trí intleacht eipidéime, scagadh géanómaíoch riailbhunaithe a dhéanamh ar athraitheigh, nó foinsí eolaíocha eile ⁽¹⁶⁾. Cumhdaítear leis sin, go háirithe, athraitheigh ar díol inmí iad, dá bhfuil fianaise shoiléir ar fáil ina léirítear tionchar suntasach ar in-tarchurthacht, tromchúiseacht agus/nó imdhíonacht ar dócha go mbeidh tionchar acu ar an staid eipidéimeolaíoch san Aontas/LEE, agus athraitheigh ar díol spéise iad, dá bhfuil fianaise ar fáil maidir le hairíonna géanómaíocha, fianaise eipidéimeolaíoch nó fianaise *in-vitro* a d'fhéadfadh tionchar suntasach ar in-tarchurthacht, tromchúiseacht nó imdhíonacht a thabhairt le fios agus a mbeadh tionchar réalaíoch aici ar an staid eipidéimeolaíoch san Aontas/LEE.

Chun forléargas a thabhairt ar chion na n-athraitheach ar díol inmí agus spéise iad san Aontas/LEE agus ar mhéideanna seicheamhaithe, tá léarscáileanna agus sonraí eile á bhfoilsíú ar bhonn seachtainiúil freisin ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú ⁽¹⁷⁾. Chun faisnéis thráthúil chruinn a fháil faoi theacht chun cinn agus scaipeadh athraitheigh SARS-CoV-2 ar díol inmí nó spéise iad, tá sé tábhachtach go gcoinneodh na Ballstáit méid seicheamhaithe atá ard a dhóthain nó go mbainfidís sin amach. Murar leor an méid seicheamhaithe, is lag an cumas a bhíonn ann athraitheigh ar díol inmí iad agus atá ag scaipeadh a bhrath sula mbíonn tionchar acu ar an staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán. Tá sé tábhachtach ag an am céanna go gcuirfeadh na Ballstáit san áireamh na difríochtaí sa mhéid seicheamhaithe, ionas nach ndíspreagfar ardleibhéil seicheamhaithe.

- (33) Léiríodh leis na hathraitheigh 'Alpha', 'Delta' agus 'Omicron' SARS-CoV-2, arb é an tríú ceann an t-athraitheach is coitianta anois san Aontas, an drochthionchar is féidir a bheith ag athraitheigh nua SARS-CoV-2 ar an staid eipidéimeolaíoch. Cé gur féidir leis a bheith an-deacair cosc a chur le leathadh athraitheigh a luaithe a bhraithfear é laistigh den Aontas, i bhfianaise an tionchair a d'fhéadfadh a bheith aige, is iomchuí mar sin féin nós imeachta coscáin éigeandála a bhunú i gcomhar cur chuige comhordaithe darb aidhm moill a chur ar leathadh athraitheach nua laistigh den Aontas. Chun comhordú i measc na mBallstát a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith aige sin freisin i gcásanna ina bhforchuirfidh na Ballstáit srianta, i gcomhréir le dlí an Aontais, i ngeall ar an staid eipidéimeolaíoch i limistéar a bheith ag dul in olcas go tapa, go háirithe i limistéir dá ndearnadh difear mór cheana féin.
- (34) Mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/953, i gcás ina gcuirfidh Ballstát, i gcomhréir le dlí an Aontais, de cheangal ar shealbhóirí Dheimhniú Digiteach COVID AE coraintín a dhéanamh nó féinleithlisiú nó tástáil le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2 a dhéanamh tar éis dóibh dul isteach ina chríoch, nó i gcás ina bhforchuirfidh sé srianta eile ar shealbhóirí na ndeimhnithe sin toisc, mar shampla, go dtéann an staid eipidéimeolaíoch i mBallstát nó i réigiún laistigh de Bhallstát in olcas go tapa, go háirithe mar thoradh ar athraitheach SARS-CoV-2 ar díol inmí nó spéise é, cuirfidh sé an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas dá réir sin, 48 uair an chloig sula dtabharfar na srianta nua sin isteach, más féidir. Chuige sin, tá an Ballstát le cúiseanna agus raon feidhme na srianta sin a thabhairt, lena sonrú ar sealbhóirí deimhnithe atá faoi réir na srianta sin nó díolmhaithe uathu, agus dáta agus fad na srianta sin, lena n-áirítear cur síos ar an gcaoi a gcomhlíonann siad prionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe.

⁽¹⁶⁾ <https://www.ecdc.europa.eu/en/covid-19/variants-concern>

⁽¹⁷⁾ https://covid19-country-overviews.ecdc.europa.eu/#4_EUEEA:_variants_of_concern

- (35) D'fhéadfadh Ballstát an nós imeachta coscáin éigeandála a thionscnamh, bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh le tíolacadh de bhun Rialachán (AE) 2021/953, nó d'fhéadfadh an Coimisiún é a thionscnamh, bunaithe ar mheasúnú rialta ar fhianaise nua maidir le hathraithigh ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. D'fhéadfadh comhaontú teacht as sin, bunaithe ar thogra ón gCoimisiún, maidir le srianta breise a chur i bhfeidhm ar feadh tréimhse teoranta ama ar thaisteal ó na limistéir lena mbaineann, amhail ceanglais tástála nó coraintín/féinleithlisithe do thaistealaithe nó iad araon. Ba cheart an creat atá á fhorbairt faoi láthair ag an sainghrúpa Eorpach um athraithigh SARS-CoV-2 ⁽¹⁸⁾ maidir le sainiú agus measúnú critéar a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hidirghabhálacha sláinte poiblí i gcoinne athraithigh ar díol inmí iad a chur san áireamh a luaithe a bheidh sé ar fáil.
- (36) Chun feidhmiú na 'Lánaí Glasa' a chaomhnú, ba cheart na ceanglais tástála a fhorchuirtear ar oibrithe iompair agus ar sholáthraithe seirbhísí iompair mar thoradh ar an thionscnamh an choscáin éigeandála a theorannú do mhearthástálacha antaiginí, agus níor cheart ceangal coraintín/féinleithlisithe a chur orthu. Níor cheart go gcuirfí isteach ar sheirbhísí iompair mar gheall ar na ceanglais tástála sin. Dá gcuirfí isteach ar sheirbhísí iompair nó ar an slabhra soláthair, ba cheart aon cheanglais tástála córasacha den sórt sin a bhaint nó a aisghairm láithreach.
- (37) Is cuid lárnach fós é rianú teagmhálaithe den chomhrac ar leathadh an víris, go háirithe i ndáil le teacht chun cinn athraitheach nua. Ag an am céanna, bíonn rianú teagmhálaithe éifeachtach agus tráthúil níos dúshlánaí nuair is gá é a dhéanamh thar theorainneacha agus i gcás líon ard paisinéirí a bhíonn ag taisteal agus iad gar dá chéile. Ar mhaithe leis sin a éascú, forbraíodh foirm dhigiteach choiteann aimsithe paisinéirí ('PLF') ⁽¹⁹⁾, agus ba cheart a mholadh do na Ballstáit úsáid a bhaint as an bhformáid choiteann sin chun taisteal a éascú. Ba cheart a mholadh do na Ballstáit páirt a ghlacadh in ardán malartaithe PLF, arna bhunú ar bhonn Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/858 ón gCoimisiún ⁽²⁰⁾, chun feabhas a chur ar a gcumais rianaithe teagmhála trasteorann do gach modh iompair. Le hardán malartaithe PLF, is féidir sonraí a mhalartú ar bhealach slán tráthúil éifeachtach idir údaráis inniúla na mBallstát, trína chur ar a gcumas faisnéis a tharchur ó na córais dhigiteacha náisiúnta PLF atá acu cheana féin, mar aon le faisnéis eipidéimeolaíoch ábhartha, chuig údaráis inniúla eile ar bhealach idir-inoibritheach uathoibríoch.
- (38) I gcás ina n-úsáidtear PLFanna freisin chun críoch eile seachas rianú teagmhálaithe, amhail lena chinneadh an rachaidh taistealaí atá ag teacht isteach faoi thástáil le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2, níor cheart é a bheith ina thoradh ar mhainneachtain PLF a chur isteach in am roimh theacht isteach go ndíúltófaí cead isteach sa tír lena mbaineann don taistealaí, ós rud é gurbh ionann sin agus srian tromchúiseach ar shaorghluaiseacht. I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar na taistealaithe sin dul faoi bhearta eile, áfach, amhail tástáil le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2 i ndiaidh dóibh a gceann scríbe a bhaint amach.
- (39) Is rithábhachtach i gcónaí faisnéis shoiléir thráthúil chuimsitheach a thabhairt don phobal chun teorainn a chur leis an tionchar a bheadh ag aon srianta ar shaorghluaiseacht, lena n-áirítear intuarthacht, deimhneacht dhlíthiúil agus comhlíonadh na saoránach. Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis sin a sholáthar go tráthúil, lena n-áirítear tríd an ardán gréasáin 'Re-open EU' ⁽²¹⁾. Ba cheart a mholadh do na Ballstáit freisin faisnéis faoi úsáid intíre Dheimhnithe Digiteacha COVID AE a chur ar fáil ar 'Re-open EU', i bhfianaise ábharthacht na faisnéise sin do thaistealaithe ó Bhallstáit eile.
- (40) I bhfianaise éabhlóid na staide eipidéimeolaíche, agus de réir mar a bheidh tuilleadh fianaise eolaíche ábhartha ar fáil, ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, an Moladh seo a athbhreithniú go rialta, agus a thorthaí a tharchur chuig an gComhairle lena mbreithniú, maille le togra chun an Moladh a leasú, i gcás inar gá. Go háirithe, i gcomhréir le prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, lena bhforáiltear gur cheart aon srianta a bhaint a luaithe is féidir sin i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche, iarrrtar ar an gCoimisiún dlúthfhairéachán a dhéanamh ar éabhlóid na staide eipidéimeolaíche agus athmheastóireacht a dhéanamh má tá údar cuí fós leis an gceanglas maidir le Deimhniú Digiteach Covid AE a shealbhú a luaithe a thiocfaidh feabhas ar an staid eipidéimeolaíoch san Aontas ina iomláine nó ar an leibhéal réigiúnach.

⁽¹⁸⁾ <https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=en&groupId=3791&fromMeetings=true&meetingId=27935>

⁽¹⁹⁾ <https://www.euplf.eu/en/home/index.html>

⁽²⁰⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/858 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2021 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/253 maidir le foláirimh a fhógraítear de bharr bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte agus maidir le rianú teagmhálaithe paisinéirí a shainiú i bhfoirm Aimsithe Paisinéirí (IO L 188, 28.5.2021, lch. 106).

⁽²¹⁾ <https://reopen.europa.eu/ga>

- (41) Ós rud é go ndéantar, leis an Moladh seo, an cur chuige coiteann a oiriúnú agus a fhorbairt a thuilleadh chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19, ba cheart moladh eile a chur in ionad Mholadh (AE) 2020/1475 ón gComhairle.
- (42) Ionas go mbeidh go leor ama ann chun an cur chuige comhordaithe a leagtar amach sa Mholadh seo a chur chun feidhme, ba cheart feidhm a bheith ag an Moladh amhail ón 1 Feabhra 2022.
- (43) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, ba cheart na sásraí a chuirtear ar bun leis an Moladh seo a theorannú go docht, ó thaobh raon feidhme agus ama de, do na srianta a ghlactar mar fhreagairt ar an bpaindéim seo. Nuair a scoirfidh Rialachán (AE) 2021/953 d'fheidhm a bheith aige, ar a dhéanaí, ba cheart don Mholadh seo scor d'fheidhm a bheith aige freisin,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Prionsabail Ghinearálta

Agus bearta á nglacadh agus á gcur i bhfeidhm ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí a chosaint mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, ba cheart do na Ballstáit a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

1. Aon srianta ar shaorghluaiseacht daoine laistigh den Aontas a chuirtear i bhfeidhm chun leathadh COVID-19 a theorannú, ba cheart iad a bhunú ar fhorais shonracha theoranta leasa phoiblí, eadhon an tsláinte phoiblí a chosaint. Is gá srianta den sórt sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir le prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, go háirithe prionsabal na comhréireachta agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe. Níor cheart, dá bhrí sin, go rachadh aon bheart a dhéanfar thar a bhfuil fíor-riachtanach chun an tsláinte phoiblí a chosaint.
2. Ba cheart aon srianta den sórt sin a bhaint a luaithe is féidir i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche, lena n-áirítear in ospidéal.
3. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go rachaidh aon cheanglais a fhorchuirtear ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí chun tairbhe nithiúil do na hiarrachtaí sláinte poiblí atá á ndéanamh chun an phaindéim a chomhrac agus nach gcruthófar ualach riaracháin míchuí neamhriachtanach leo.
4. Ní fhéadfar aon idirdhealú a dhéanamh idir na Ballstáit, mar shampla trí rialacha níos flaitiúla a chur i bhfeidhm maidir le taisteal chuig Ballstát comharsanach agus uaidh le hais taisteal chuig Ballstáit eile agus uathu.
5. Ní fhéadfaidh na srianta a bheith idirdhealaitheach, is é sin, ba cheart feidhm chomhionann a bheith acu maidir le náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann a bheith ag filleadh air. Ní fhéadfar srianta a bhunú ar náisiúntacht an duine lena mbaineann.
6. Ba cheart do na Ballstáit cead isteach a thabhairt i gcónaí dá náisiúnaigh féin, do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh atá ina gcónaí ar a gcóir. I bprionsabal, níor cheart do na Ballstáit cead isteach a dhiúltú do dhaoine eile atá ag taisteal ó Bhallstáit eile, agus ba cheart dóibh idirthuras tapa ar fud a gcóir a éascú.
7. Ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar shainiúlachtaí na réigiún trasteorann, na réigiún forimeallach, na n-eachtarchríoch agus na limistéar iargúlta agus ar an ngá atá le comhoibriú ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach.
8. Ba cheart do na Ballstáit cur isteach ar shlabhraí soláthair agus ar thaisteal riachtanach a sheachaint agus ba cheart dóibh sreabha iompair a choinneáil ag imeacht i gcomhréir le córas na 'Lánaí Glasa'.
9. Ba cheart do na Ballstáit faisnéis a mhalartú le chéile go rialta faoi gach ábhar a chumhdaítear faoi raon feidhme an mholta seo agus na saoránaigh a chur ar an eolas dá réir sin.
10. Níor cheart gur i bhfoirm toirmeasc ar oibriú seirbhísí áirithe iompair a bheadh na srianta.

Creat comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19

11. Níor cheart do thaistealaithe a bhfuil Deimhniú Digiteach COVID AE bailí acu, arna eisiúint de bhun Rialachán (AE) 2021/953 a chomhlíonann coinníollacha phointe 12, a bheith faoi réir srianta breise ar shaorghluaiseacht. Go sonrach, níor cheart ceangal a chur ar dhaoine atá ag taisteal san Aontas coraintín a dhéanamh.

Sa chomhthéacs sin, ba cheart feidhm a bheith ag na maoluithe seo a leanas maidir leis an gcéad fhomhír:

- (a) na díolúintí a leagtar amach i bpointe 16;
 - (b) bearta breise a leagtar amach i bpointe 19 le haghaidh daoine a thagann isteach ó limistéir ina bhfuil an víreas ag scaipeadh ar leibhéal an-ard agus ar dócha, dá bhrí sin, go n-allmhaireofaí leibhéal suntasach cásanna mar thoradh orthu;
 - (c) bearta breise arna gcomhaontú de bhun phointe 25 chun moill a chur le leathadh athraithe nua SARS-CoV-2 ar díol imní nó spéise iad.
12. Ba cheart glacadh le Deimhniú Digiteach COVID AE más féidir a bharántúlacht, a bhailíocht agus a shláine a fhíorú agus má chomhlíonann sé na coinníollacha seo a leanas:

- (a) Deimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 le haghaidh vacsaín COVID-19 a chumhdaítear leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 5(5) den Rialachán sin agus lena léirítear go bhfuil an méid seo a leanas faighte ag an sealbhóir:

— an dara dáileog de shraith dhá dháileog;

— vacsaín aon dáileoige;

— aon dáileog de vacsaín dhá dháileog tar éis a bheith ionfhabhtaithe le SARS-CoV-2 roimhe sin, i gcomhréir le straitéis vacsaínithe Bhallstát an vacsaínithe;

— teandáileog tar éis an tsraith vacsaínithe phríomhúil a chríochnú;

ar choinníoll nach bhfuil an tréimhse inghlacthachta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/953 caite fós agus, i gcás deimhnithe a thagann faoi phointí (i) go (iii), go bhfuil 14 lá ar a laghad caite ó tugadh an dáileog dheireanach.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh na Ballstáit glacadh le deimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 le haghaidh vacsaíní COVID-19 a chumhdaítear leis an dara fhomhír d'Airteagal 5(5) den Rialachán maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE.

Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ar vacsaíniú trí theandáileoga ag na grúpaí daonra sin a léiríonn a ndeimhnithe vacsaínithe go bhfuil an phríomhshraith vacsaínithe a tugadh dóibh ag tarraingt ar dheireadh na tréimhse caighdeánaí inghlacthachta agus dá bhfuil moladh tugtha ag na húdaráis náisiúnta teandáileog a fháil.

Ar bhonn tuilleadh fianaise eolaíche, ba cheart don Choimisiún athmheastóireacht a dhéanamh go rialta ar an gcur chuige a leagtar amach i bpointe (a).

- (b) Deimhnithe tástála a eisítear i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 agus lena léirítear toradh diúltach tástála a fuarthas:
 - nach faide ná 72 uair an chloig roimh theacht isteach, i gcás tástáil aimplíucháin mhóilínigh aigéid núicléasaigh (NAAT); nó
 - tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig roimh theacht isteach, i gcás mearthástáil antaiginí a liostaítear sa liosta comhchoiteann agus cothrom le dáta de mhearthástálacha antaiginí COVID-19 ⁽²²⁾ arna bhunú ar bhonn Mholadh ón gComhairle an 21 Eanáir 2021 ⁽²³⁾.

⁽²²⁾ Ar fáil ag: https://ec.europa.eu/health/sites/default/files/preparedness_response/docs/covid-19_rat_common-list_en.pdf

⁽²³⁾ Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2021 maidir le creat comhchoiteann maidir le húsáid agus bailíochtú mearthástálacha antaiginí agus le haitheantas frithpháirteach do thorthaí tástála COVID-19 in AE (IO C 24, 22.1.2021, lch. 1).

Chun críche taistil chun cearta saorghluaiseachta a fheidhmiú, ba cheart do na Ballstáit glacadh leis an dá chineál tástála.

Ba cheart do na Ballstáit féachaint lena áirithiú go n-eiseofar na deimhnithe tástála a luaithe is féidir tar éis an sampla tástála a bhailiú.

- (c) Deimhnithe téarnaimh arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 lena léirítear nach bhfuil níos mó ná 180 lá caite tar éis dháta an chéad toraidh dhearfaigh ar thástáil NAAT.

13. Ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as feidhmiúlacht phróiseála na rialacha caighdeánaithe gnó a chuirtear ar fáil le córas Dheimhniú Digiteach COVID AE.
14. I gcás ina ndéantar tagairt sa Mholadh sin do Dheimhnithe Digiteacha COVID AE arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953, ba cheart a thuiscint leis sin freisin go gcumhdaítear deimhnithe arna gcumhdach le gníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 3(10) nó Airteagal 8(2) den Rialachán sin arna eisiúint ag tríú tíortha do shaoránaigh de Aontas agus dá mbaill teaghlaigh. Moltar do na Ballstáit freisin deimhnithe vacsaínithe a eisiúint de bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2021/953.
15. D'fhéadfaí a chur de cheangal ar dhaoine nach bhfuil Deimhniú Digiteach COVID AE acu arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 dul faoi NAAT nó mearthástáil antaiginí mar a liostaítear sa liosta coiteann agus cothrom le dáta sula dtagann siad nó tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig ina dhiaidh sin. Níl feidhm aige sin maidir le daoine atá díolmhaithe ó Dheimhniú Digiteach COVID AE a bheith acu i gcomhréir le pointe 16.

Díolúintí

16. Níor cheart a cheangal ar na catagóirí taistealaithe seo a leanas Deimhniú Digiteach COVID AE arna eisiúint de bhun Rialachán (AE) 2021/953 a bheith acu:
- (a) na taistealaithe seo a leanas ar bunriachtanach a bhfeidhm nó a riachtanas, nuair a bheidh an fheidhm nó an riachtanas sin á bhfeidhmiú acu:
- oibrithe iompair nó soláthraithe seirbhísí iompair, lena n-áirítear tiománaithe agus criú feithiclí lasta atá ag iompar earraí lena n-úsáid sa chríoch chomh maith leo siúd nach bhfuil ach ar idirthuras;
 - othair atá ag taisteal ar mhórchúiseanna leighis;
 - maraithe.
- (b) daoine a bhfuil cónaí orthu i réigiúin teorann agus a thaistealaíonn thar an teorainn go laethúil nó go minic chun críoch oibre, gnó, oideachais, teaghlaigh, cúraim leighis nó cúram a thabhairt;
- (c) leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois.

Léarscáil soilse tráchta an Aontais agus eisceachtaí agus bearta breise atá bunaithe orthu

17. Bunaithe ar na sonraí arna soláthar ag na Ballstáit, ba cheart don Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú léarscáil de na Ballstáit a fhoilsiú, agus í miondealaithe de réir réigiún, ar a léireofar an riosca a d'fhéadfadh a bheith ag duine atá ag taisteal ón réigiún a bheith ionfhabhtaithe le SARS-CoV-2 de réir córas soilse tráchta. Ba cheart sonraí ón Íoslainn, ó Lichtinstéin, ón Iorua agus, a luaithe is féidir ⁽²⁴⁾, ó Chónaidhm na hEilvéise a bheith sa léarscáil sin freisin.

Ba cheart an léarscáil soilse tráchta a bheith bunaithe ar na critéir, ar na tairseacha agus ar an gcód datha a leagtar amach san Iarscríbhinn.

18. Gach seachtain, ba cheart don Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú leaganacha nuashonraithe de na léarscáileanna agus de na bunsonraí a fhoilsiú.

⁽²⁴⁾ Faoi réir comhaontaithe a tugadh i gcrích idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhar i ndáil leis an tsláinte phoiblí, lena n-áirítear maidir le rannpháirtíocht Chónaidhm na hEilvéise leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú de réir Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (IO L 142, 30.4.2004, lch. 1).

19. Ba cheart an léarscáil soilse tráchta a úsáid chun faisnéis a chur ar fáil don phobal agus d'údaráis na mBallstát maidir le forbairt na staide eipidéimeolaíche ar fud an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit, bunaithe ar an léarscáil solais tráchta, na bearta seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir le taisteal chuig na limistéir sin ina bhfuil an víreas ag scaipeadh ar leibhéal an-ard agus ó na limistéir sin, agus atá aicmithe mar 'dúdhearg' i gcomhréir le pointe 3 (g) den larscríbhinn:

- (a) Ba cheart do na Ballstáit gach taisteal nach bhfuil riachtanach go dtí na limistéir sin agus uathu a dhíspreagadh;
- (b) ba cheart a chur de cheangal ar dhaoine nach bhfuil deimhniú vacsaínithe ná téarnaimh acu agus a thagann ó na limistéir sin dul faoi NAAT nó mearthástáil antaiginí a liostaítear sa liosta coiteann agus cothrom le dáta roimh imeacht dóibh agus coraintín a dhéanamh/féinleithlisiú ar feadh deich i ndiaidh dóibh a gceann scríbe a bhaint amach. Ba cheart deireadh luath a chur leis an gcoraintín/féinleithlisiú má dhéantar tástáil ar an duine lena mbaineann, ar a luaithe ar an gcúigiú lá i ndiaidh dóibh a gceann scríbe a bhaint amach, agus má bhíonn toradh diúltach tástála ar thástáil le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2.

I gcás ina gcumhdaítear daoine den sórt sin faoi phointe 16(a) nó (b), níor cheart ceangal a chur orthu coraintín a dhéanamh/féinleithlisiú ach d'fhéadfadh sé go mbeadh ceangal orthu deimhniú tástála diúltach a bheith acu. De mhaolú air sin, níor cheart a cheangal ar oibríthe iompair ná ar sholáthraithe seirbhísí iompair féinleithlisiú/coraintín a dhéanamh ná deimhniú diúltach tástála a bheith acu agus an fheidhm bhunriachtanach sin á feidhmiú acu.

Níor cheart é a bheith de cheangal ar leanaí faoi bhun 12 bhliain d'aois a bhfuil Deimhniú Digiteach COVID AE nó tástáil dhiúltach le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2 acu agus a thagann ó limistéir atá aicmithe mar 'dúdhearg', coraintín a dhéanamh/féinleithlisiú. Ina theannta sin, níor cheart é a bheith de cheangal ar leanaí faoi bhun 6 bliana d'aois coraintín a dhéanamh/féinleithlisiú nó tástálacha le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2 a bhaineann le taisteal a dhéanamh.

Aghaidh a thabhairt ar athraithe ar díol inní nó spéise iad agus ar choscán éigeandála

20. Ba cheart do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar leathadh athraithe nua de SARS-CoV-2 ar díol inní nó spéise iad, go háirithe athraithe a mhéadaíonn in-tarchurthacht nó tromchúiseacht galar nó a dhéanann difear d'éifeachtúlacht vacsaíní. Chun na críche sin, ba cheart do na Ballstáit úsáid a bhaint as na sonraí agus as na measúnuithe riosca a fhoilsíonn an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú maidir le hathraithe ar díol inní nó spéise iad san AE/LEE.

Chun tacú leis na Ballstáit, ba cheart don Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú leanúint d'fhaisnéis agus léarscáileanna a fhoilsiú maidir le hathraithe SARS-CoV-2 ar díol inní nó spéise iad, go háirithe maidir le méideanna seicheamhaithe agus dáileadh athraitheach.

21. Chun faisnéis thráthúil chruinn a fháil faoi theacht chun cinn agus scaipeadh athraithe SARS-CoV-2 ar díol inní nó spéise iad, ba cheart do na Ballstáit méideanna arda seicheamhaithe a bhaint amach nó a choimeád, go hidéalach ar leibhéal a cheadaíonn athraithe a bhrath arb ionann iad agus 1 % nó níos lú de na víris a scaiptear.

Ba cheart do na Ballstáit, ar bhonn seachtainiúil, sonraí a sholáthar maidir leis na torthaí ar sheicheamhú cásanna dearfacha SARS-CoV-2 agus ar an méid seicheamhaithe, lena n-áirítear ar an leibhéal réigiúnach, chun a áirithiú gur féidir aon bhearta a dhíriú ar na réigiúin sin ina bhfuil fíorghá leo.

22. I gcás ina gceanglóidh Ballstát ar thaistealaithe, lena n-áirítear sealbhóirí Deimhnithe Digiteacha COVID AE, coraintín a dhéanamh/féinleithlisiú nó tástáil le haghaidh ionfhabhtú SARS-CoV-2 a dhéanamh tar éis dóibh teacht isteach ina chríoch, nó i gcás ina bhforchuireann sé srianta eile ar shealbhóirí deimhnithe den sórt sin, mar fhreagairt ar theacht chun cinn athraitheach nua SARS-CoV-2 ar díol inní nó spéise é, ba cheart dó an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas dá réir sin, lena n-áirítear tríd an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/953 a chur ar fáil. Más féidir, ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar 48 uair an chloig sula dtugtar isteach srianta nua mar sin. I gcás inar féidir, ba cheart bearta den sórt sin a theorannú go dtí an leibhéal réigiúnach.

Ba cheart feidhm a bheith aige sin freisin maidir le cásanna ina bhforchuireann Ballstát ceanglais bhreise coraintín/féinleithlisithe nó tástála, i gcomhréir le dlí an Aontais, toisc go bhfuil an staid eipidéimeolaíoch i mBallstát nó i limistéir laistigh de Bhallstát ag dul in olcas go tapa, go háirithe i limistéir atá aicmithe mar 'dúdhearg' cheana féin. Sa chás sin, ba cheart a léiriú go soiléir san fhaisnéis a chuirfear ar fáil cén fáth a bhfuil na bearta breise riachtanach agus comhréireach.

23. I gcás ina ngníomhachtaíonn Ballstát an coscán éigeandála agus, mar thoradh air sin, i gcás ina gcuireann sé de cheangal ar oibríthe iompair agus ar sholáthraithe seirbhísí iompair tabhairt faoi thástáil le haghaidh ionfhabhtú COVID-19, ba cheart mearthástálacha antaiginí a úsáid agus níor cheart go mbeadh gá le haon choraintín, rud nár cheart cur isteach ar iompar. Má chuirtear isteach ar an slabhra iompair nó soláthair, ba cheart do na Ballstáit aon cheanglais tástála córasacha den sórt sin a chur i leataobh nó a aisghairm láithreach chun feidhmiú na 'Lánaí Glasa' a chaomhnú. Níor cheart aon tástálacha a bheith riachtanach i gcás ina dtionscnaítear an coscán éigeandála de bhun an dara fómhír de phointe 22.
24. Bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear i gcomhréir le pointe 22, ba cheart don Chomhairle, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún agus le tacaíocht ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás ar bhealach comhordaithe. Le linn an chruinnithe comhordúcháin sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann an réasúnú atá thaobh thiar dá bhearta a leagan amach.
- Bunaithe ar mheasúnú rialta ar fhianaise nua ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, agus, a luaithe a bheidh sé ar fáil, féadfaidh an Coimisiún an creat a d'fhorbair an Sainghrúpa Eorpach maidir le hathraithigh SARS-CoV-2, plé sa Chomhairle a mholadh freisin maidir le hathraitheach nua SARS-CoV-2 ar díol inniú nó spéise é nó maidir le staid eipidéimeolaíoch atá ag dul in olcas go tapa i mBallstát nó i réigiún laistigh de Bhallstát.
25. Le linn an phlé de bhun phointe 24, d'fhéadfadh an Coimisiún a mholadh, i gcás inar gá agus de réir mar is iomchuí, go gcomhaontóidh an Chomhairle ar chur chuige comhordaithe maidir le taisteal ó na limistéir lena mbaineann a bhfuil sé d'aidhm aige, go háirithe, moill a chur ar leathadh an athraithigh laistigh den Aontas, amhail ceanglais tástála agus/nó coraintín/féinleithlisithe do thaistealaithe.
26. Ba cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh ar aon chás a mbeidh glacadh beart de bhun an phointe sin mar thoradh air. Féadfaidh an Coimisiún nó na Ballstáit a mholadh go gcuirfí deireadh leis na bearta a cuireadh i bhfeidhm i gcomhréir leis an gcur chuige comhordaithe maidir le hathraithigh SARS-CoV-2 nua ar díol inniú nó spéise iad.

Foirmeacha Aimsithe Paisinéirí agus rianú teagmhálaithe

27. D'fhéadfadh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar cheangal a chur ar dhaoine atá ag taisteal chuig a gcríoch trí mhodhanna iompair comhchoiteanna a bhfuil suíochán nó cábán réamhshainithe acu Foirmeacha Aimsithe Paisinéirí a chur isteach i gcomhréir le ceanglais cosanta sonraí. Chun na críche sin, d'fhéadfadh na Ballstáit úsáid a bhaint as an bhfoirm choiteann Dhigiteach Aimsithe Paisinéirí a d'fhorbair 'Healthy Gateways EU' ⁽²⁵⁾ agus ba cheart dóibh páirt a ghlacadh san ardán malartaithe foirmeacha aimsithe paisinéirí (ardán malartaithe PLF) chun feabhas a chur ar a gcumais rianú teagmhálaithe trasteorann do gach modh iompair a neartú.
28. Má thagann comharthaí sóirt ar dhuine nuair a bhaineann sé a cheann scríbe amach, ba cheart tástáil, diagnóis, leithlisiú agus rianú teagmhála a dhéanamh i gcomhréir leis an gcleachtas áitiúil, agus níor cheart cead isteach a dhiúlú. Ba cheart faisnéis faoi chásanna a bhraitear ar theacht isteach dóibh a roinnt láithreach le húdaráis sláinte poiblí na dtíortha inar chónaigh an duine lena mbaineann i rith na 14 lá roimhe sin chun críocha rianú teagmhálaithe, trí leas a bhaint, nuair is infheidhme, as an ardán malartaithe PLF, nó as an gcóras luathrabhaidh agus freagartha.

Comhordú agus faisnéis don phobal

29. I gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/953, ba cheart do na Ballstáit faisnéis shoiléir chuimsitheach thráthúil a sholáthar do gheallsealbhóirí ábhartha agus don phobal i gcoitinne maidir le haon bhearta a dhéanann difear don cheart chun saorghluaiseachta agus aon cheanglais a ghabhann leo, amhail an gá le foirm aimsithe paisinéirí a thíolacadh, a luaithe is féidir sula dtiocfaidh bearta nua i bhfeidhm. Mar riail ghinearálta, ba cheart an fhaisnéis sin a fhoilsiú go poiblí 24 uair an chloig ar a laghad roimh theacht i bhfeidhm na mbearta nua, agus é á chur san áireamh go bhfuil gá le solúbthacht áirithe i gcás aon éigeandálaí eipidéimeolaíoch. Ba cheart an fhaisnéis a fhoilsiú i bhformáid meaisín-inléite freisin.

⁽²⁵⁾ <https://www.euplf.eu/en/home/index.html>

30. Ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus í a chur ar fáil freisin ar an ardán gréasáin 'Re-open EU', ar cheart go mbeadh an léarscáil ann a fhoilsíonn an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú de bhun phointe 17. I gcás inarb infheidhme, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a sholáthar freisin, maidir le 'Re-open EU', i ndáil le húsáid intíre Dheimhnithe Digiteacha COVID AE.
31. Ba cheart tuairisc shoiléir a thabhairt ar shubstaint na mbeart, ar a raon feidhme geografach agus ar chatagóirí na ndaoine a mbeidh feidhm acu maidir leo.

Forálacha deiridh

32. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an Moladh seo, le tacaíocht ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Ba cheart don Choimisiún an méid sin a thuairisciú go tráthrialta don Chomhairle.
33. Cuirtear an Moladh seo in ionad Mholadh (AE) 2020/1475.
34. Ba cheart feidhm a bheith ag an Moladh seo ón 1 Feabhra 2022.
35. Scoirfidh an Moladh seo d'fheidhm a bheith aige ar a dhéanaí ag am céanna le Rialachán (AE) 2021/953.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Eanáir 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
C. BEAUNE

IARSCRÍBHINN

Léarscáil soilse tráchta an Aontais

1. Ba cheart an léarscáil soilse tráchta a bheith bunaithe ar na critéir seo a leanas:
 - (a) an 'ráta fógartha cásanna le haghaidh tréimhse 14 lá', is é sin, líon iomlán na gcásanna COVID-19 nuafhógartha in aghaidh 100 000 duine le 14 lá anuas ar an leibhéal réigiúnach;
 - (b) an 'glacadh vacsaínithe', is é sin, ráta glactha vacsaínithe carnach le cúrsa vacsaínithe príomhúil iomlán sa daonra iomlán ar an leibhéal réigiúnach;
 - (c) an 'ráta tástála', is é sin, líon na dtástálacha le haghaidh ionfhabhtú COVID-19 in aghaidh 100 000 duine a rinneadh le seachtain anuas.
2. Chun teacht ar scór foriomlán, ba cheart an ráta fógartha cásanna le haghaidh tréimhse 14 lá (C) a ualú de réir an ghlactha vacsaínithe (V) i réigiún ar leith. Mura bhfuil an luach le haghaidh aon cheann den dá chritéar ar fáil ar an leibhéal réigiúnach, ba cheart an luach ar an leibhéal náisiúnta a úsáid.

Chun na críche sin, ba cheart an fhoirmle seo a leanas a úsáid:

$$(C+C*(100-V)/100)/2 = \text{ráta ualaithe}$$

3. Sa léarscáil soilse tráchta, ba cheart limistéar a mharcáil sna dathanna seo a leanas:
 - (d) glas, má tá an ráta ualaithe níos lú ná 40;
 - (e) oráiste, má tá an ráta ualaithe níos lú ná 100 ach ag 40 nó níos mó;
 - (f) dearg, má tá an ráta ualaithe níos lú ná 300 ach ag 100 nó níos mó;
 - (g) dúdhearg, má tá an ráta ualaithe ag 300 nó níos mó;
 - (h) dúliath, má tá an ráta tástála ag 600 nó níos lú;
 - (i) liath mura bhfuil dóthain sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar phointí (a) go (e).

MOLADH (AE) 2022/108 ÓN gCOMHAIRLE**an 25 Eanáir 2022****lena leasaítear Moladh (AE) 2020/1632 maidir le cur chuige comhordaithe chun taisteal sábháilte i limistéar Schengen a éascú le linn phaindéim COVID-19****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(c) agus (e) agus Airteagal 292, an chéad abairt agus an dara habairt de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 67 CFAE, is éard a bheidh san Aontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais, ina n-áirítear nach mbeidh rialuithe teorann inmheánaí ann do dhaoine. Faoi *acquis* Schengen, féadfar teorainneacha inmheánacha a thrasnú ag pointe ar bith gan seiceáil teorann a dhéanamh ar dhaoine, gan beann ar a náisiúntacht. Áirítear leis sin náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu go dleathach san Aontas nó náisiúnaigh tríú tír a tháinig isteach go dleathach ar chríoch Bhallstáit agus a fhéadfaidh taisteal faoi shaoirse laistigh de chríocha na mBallstát uile eile ar feadh suas le 90 lá laistigh de thréimhse 180 lá.
- (2) An 30 Eanáir 2020, d'fhógair Ard-Stiúrthóir na hEagraíochta Domhanda Sláinte éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar inní idirnáisiúnta í i ngeall ar an ráig dhomhanda den choróinvíreas nua, atá ina cúis le galar Choróinvíreas 2019 (COVID-19). An 11 Márta 2020, mheas an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur féidir COVID-19 a mheas mar phaindéim.
- (3) Chun teorainn a chur le leathadh víreas SARS-Cov-2, tá bearta éagsúla glactha ag na Ballstáit, a raibh tionchar ag cuid acu ar an gceart cónaí agus taisteal faoi shaoirse a dhéanamh laistigh de chríoch na mBallstát, lena n-áirítear do náisiúnaigh tríú tírtha atá ag fanacht nó atá ina gcónaí go dleathach ar chríoch Bhallstáit, amhail srianta ar dhul isteach nó ceanglais ar thaistealaithe trasteorann coraintín a dhéanamh. Bhí tionchar díobhálach agus díréireach ag na bearta sin mar gheall ar sheiceálacha ar dhaoine, is cuma cén náisiúntacht atá acu, agus iad ag trasnú teorainneacha inmheánacha laistigh de limistéar Schengen.
- (4) An 13 Deireadh Fómhair 2020, ar thogra ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh (AE) 2020/1475 maidir le cur chuige comhordaithe i leith an tsaorghluaiseacht a shrianadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 ⁽¹⁾. Sainítear sa mholadh sin prionsabail ghinearálta agus critéir chomhchoiteanna, lena n-áirítear tairseacha comhchoiteanna nuair a bhíonn breithniú á dhéanamh ar shrianta ar shaorghluaiseacht mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Ina theannta sin, bunaítear creat coiteann maidir le bearta a d'fhéadfadh a bheith ann do thaistealaithe a thagann ó limistéir ardriosca. Moltar do na Ballstáit comhordú a dhéanamh agus dul i dteagmháil leis an bpobal nuair a ghlactar bearta sriantacha.
- (5) Moltar i Moladh (AE) 2020/1632 ón gComhairle ⁽²⁾ gur cheart na prionsabail ghinearálta, na critéir chomhchoiteanna, na tairseacha comhchoiteanna agus an creat comhchoiteann beart, lena n-áirítear moltaí maidir le comhordú agus cumarsáid mar a leagtar síos i Moladh (AE) 2020/1475, a chur i bhfeidhm freisin maidir le taisteal laistigh den limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha.
- (6) Chun forbairtí i bhforbairt phaindéim COVID-19 ó glacadh Moladh (AE) 2020/1475 a chur san áireamh, tá an Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, tar éis Moladh (AE) 2022/108 a chur in ionad an Mholta sin.

⁽¹⁾ Moladh (AE) 2020/1475 ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2020 maidir le cur chuige comhordaithe i leith an tsaorghluaiseacht a shrianadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 (IO L 337, 14.10.2020, lch. 3).

⁽²⁾ IO L 366, 4.11.2020, lch. 25.

- (7) Chun a áirithiú go mbeidh na critéir chomhchoiteanna, na tairseacha comhchoiteanna agus an creat comhchoiteann beart a chuireann na Ballstáit i bhfeidhm chun taisteal sábháilte a éascú laistigh den limistéar gan rialuithe ag teorainneacha inmheánacha le linn phaindéim COVID-19 i gcónaí cothrom le dáta agus ailínithe go hiomlán leis an gcur chuige comhchoiteann atá ceaptha chun saorghluaiseacht a éascú mar a leagtar síos i Moladh (AE) 2022/108, ba cheart an tagairt do Mholadh (AE) 2022/108 a chur in ionad na tagartha i Moladh (AE) 2020/1632 ón gComhairle do Mholadh (AE) 2020/1475.
- (8) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Mholta seo ná níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Moladh seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Moladh seo, an gcuirfidh nó nach gcuirfidh sí chun feidhme é.
- (9) Is é atá sa Mholadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen, forálacha nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach ina ghlacadh agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (10) Maidir leis an mBulgáir, leis an gCipir, leis an gCróit agus leis an Rómáin, is éard atá sa Mholadh seo forbairt ar *acquis* Schengen de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011 faoi seach.
- (11) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Mholadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe C, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ⁽³⁾.
- (12) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Mholadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe C, de Chinneadh 1999/437/CE ⁽⁴⁾, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ⁽⁵⁾.
- (13) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Mholadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe C, de Chinneadh 1999/437/CE ⁽⁶⁾ arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ⁽⁷⁾,

⁽³⁾ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

⁽⁴⁾ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

⁽⁵⁾ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008 lch. 1).

⁽⁶⁾ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

⁽⁷⁾ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Leasaítear Moladh (AE) 2020/1632 mar a leanas:

Sa mholadh aonair, cuirtear “Moladh 2022/108 ón gComhairle” in ionad “Moladh (AE) 2020/1475 ón gComhairle”.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Eanáir 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
C. BEAUNE

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)